7 Fuinneamh Glan Inacmhainne

Rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a chinntiú do chách.



Athrú Aeráide Díreach (Corparáideach)

Tionchair

Leis an Acht um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, tugtar sainordú do chomhlachtaí earnála poiblí dea-shampla a thabhairt maidir le gníomhú ar son na haeráide. Tuairiscítear tionchair dhíreacha GDA faoi Shainordú na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Baineann spriocanna agus tuairisciú faoin Sainordú le hastaíochtaí Feidhme 1 & 2 6 amháin agus ní thagraíonn siad d'astaíochtaí an tslabhra breisluacha (seachas taisteal gnó).

Nóta maidir le sonraí:

Tagann na sonraí uile chun tuairisciú a dhéanamh ar spriocfheidhmíocht chorporáideach ón gcóras Faireacháin agus Tuairiscithe (M&R) SEAI.


I measc na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa tá úsáid breosla iontaise agus leictreachais araon. Déanann SEAI iomlán na n-astaíochtaí CO₂ agus na spriocanna gaolmhara a ríomh le haghaidh gach comhlachta phoiblí a úsáideann méadracht chaighdeánaithe tiontaithe carbóin agus dícharbónú beartaithe na heangaí leictreachais náisiúnta á chur san áireamh.

Gníomhaíochtaí

Laghdú 51% ar astaíochtaí GCT d'astaíochtaí Raon Feidhme 1 (corparáideach) ó bhonnlíne 2018

Tá sprioc astaíochtaí 2030 bainte amach ag GDA agus leanann sé ar aghaidh ar chonair chun comhlíontacht a choinneáil ar bun

Ríomhadh an bhonnlíne le haghaidh astaíochtaí carbóin GDA (ar an meán ó 2016 go 2018) bunaithe ar astaíochtaí na heagraíochta ag an am sin. In 2021, bhog GDA go foirgneamh níos tíosaí ar fhuinneamh, Teach na Páirce, agus léirítear é sin i bhfigiúirí astaíochtaí.



Fíor 3 Graf astaíochtaí CO₂e GDA. Foinse: Ardán M&R SEAI

In 2024, taifeadadh astaíochtaí iomlána CHG GDA ag 16,646 kg CO₂, atá faoi bhun sprioc shainordaithe 18,660 kg CO₂ 2030. Gan aon athrú suntasach ar ár n-oibríochtaí, coinneoidh GDA comhlíontacht le sprioc laghdaithe GCT 2030.

Is mar seo a leanas atá an miondealú:

- Teirmeach: 9,435 kg Co₂e (470 kg Co₂e níos lú ná an bhliain roimhe);
- Leictreachas: 7,211 kg Co₂e (1,194 kg Co₂e níos mó ná an bhliain roimhe sin).

Léiríonn sé sin méadú beag (724 kgCO₂e san iomlán) in Co₂e i gcomparáid le 2023 mar gheall ar mhéadú 20.5 % ar bhailí foirne bhuana.

6 Sainmhínítear astaíochtaí Raon Feidhme 1 sa Chaighdeán Corparáideach um Phrótacal GCT mar astaíochtaí díreacha ó fhoinsí faoi úinéireacht nó faoi rialú agus astaíochtaí Raon Feidhme 2 mar astaíochtaí indíreacha ó fhuinneamh ceannaithe a ghiniúint. M.sh. leictreachas:

VI


Comhshaol

Méadú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh ar

In 2024, tháinig méadú 94,8 % san iomlán ar fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh le linn na bonnline

Ríomhann córas M&R SEAI Éifeachtúlacht Fuinnimh bunaithe ar fhuinneamh a úsáidtear i spás oifige áitithe in aghaidh an fhostaí aonair. Ó bhí an bhliain bhonnline ann, 2009, tá fás tagtha ar an eagraíocht agus úsáideann sí spás oifige anois, de réir limistéar, ar bhealach i bhfad níos éifeachtúla.

In 2024, tháinig feabhas 94,7 % ar an éifeachtúlacht fuinnimh ó bhí an bhonnline ann, rud a bhain spriocanna 2030 amach.



Fíor 4 Graf éifeachtúlachta fuinnimh GDA. Foinse: Ardán M&R SEAI

Tionchair taistil gnó a thomhais agus a thuairisciú.

An fad a thaistealaítear i bhfeithiclí príobháideacha, lena n-áirítear carranna ar cíos: 2,498 km (laghdú beagnach 75 % i gcomparáid le 2023)

Eitiltí tráchtála: 0

Iompar tráchtála agus poiblí, lena n-áirítear tacsáí, bus, iarnród agus bád farantóireachta: bóthar: 16km; iarnród: 7,698km

Ní raibh aon eitiltí tráchtála ag GDA in 2024. Mar sin féin, chun Ciorclán 1/2020 a chomhlíonadh, tá nósanna imeachta bunaithe againn chun astaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh.

Mar shampla, in 2023, béigean íocaíocht €61 a dhéanamh leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide chun na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le taisteal oifigiúil aeir a chúiteamh. In 2024, ní raibh aon íocaíocht den sórt sin ag teastáil.



Athrú Aeráide Indíreach (Slabhra Breisluacha Tionscadail Foirgníochta)

Tionchair

Meastar go gcuireann timpeallacht thógtha na hÉireann le níos mó ná 36% de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) iomlána in aghaidh na bliana i ngnáthbhliain. Áirítear leis seo astaíochtaí ón bpróiseas tógála (~ 13% de na hastaíochtaí iomlána).

Is é príomhchuspóir na Gníomhaireachta Ceathrú Ghráinseach Ghormáin a fhorbairt. Cé gur cloch mhíle shuntasach é ár sprioc shainordaithe maidir le hastaíochtaí a laghdú (Raon feidhme 1 & 2) a bhaint amach, tagann an tionchar is mó atá againn faoi chuimsiú gníomhaíochtaí a bhaineann le tógáil (Raon feidhme 37). Tá sé thar a bheith casta na hastaíochtaí sin a chainníochtú. Chun comhsheasmhacht sonraí a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonraí ar mhaithe le pictiúr níos cuimsithí ar astaíochtaí Raon Feidhme 3, in 2024 d'fhorbair GDA ceanglais maidir le Tionscadal/teachtairacht agus tuairisciú a bhaineann le céimeanna Dearaidh agus Tógála na Forbartha araon. Úsáidfear iad sin ar thionscadail chaipitil nua agus déanfar tionscadail chaipitil atá ann cheana a athbhreithniú i gcoinne na dtagarmharcanna sin.

Déanfar ceanglais tógála go háirithe maidir le tuairisciú conraitheoirí chun bailiú sonraí feabhsaithe a chumasú a imscaradh in 2026 ar Chomharsanacht Cúraim Chónaithe FSS agus ar Chearnóg Thiar OT Bhaile Átha Cliath araon.

Tá idirspiléachas bunúsach idir GDA agus ár bpáirtithe leasmhara ó thaobh tuairiscithe agus gníomhaíochta de. Mar shampla, imchlúdaigh theirmeacha, córais téimh agus fuaraithe, agus sásraí rialaithe arna soláthar ag GDA mar fhorbróir, bíonn tionchar suntasach acu ar fheidhmíocht foirgneamh agus, dá bhrí sin, ar na hastaíochtaí oibríochtúla fuinnimh agus carbóin a bhfuil ár nGeallsealbhóirí freagrach astu. Ní mór spriocanna uile an tionscadail a ailíniú le riachtanais na bPáirtithe Leasmhara.

7 Is ionann astaíochtaí Raon Feidhme 3 agus astaíochtaí indíreacha (nach n-áirítear i Raon feidhme 2) a tharlaíonn i slabhra luacha na cuideachta tuairiscithe, lena n-áirítear astaíochtaí réamhtheachtacha agus iartheachacha araon. Áirítear orthu sin astaíochtaí arna nginiúint ag earraí agus seirbhísí ceannaithe, taisteal gnó, comaitéireacht fostaithe, diúscairt dramhaíola, gníomhaíochtaí a bhaineann le foirgníocht, úsáid foirgneamh, agus sócmhainní léasaithe

Gníomhaíochtaí

Teorainn Carbóin Chorpraithe 550-750kgCo2e/m2 (ag brath ar thíopeolaíocht an fhoirgnimh).

Tá tionscadail ar cuireadh tús leo ó cuireadh chun feidhme teorainneacha carbóin corpraithe a bhaineann go sonrach leis an tionscadal laistigh den raon sin fós ar an mbóthar ceart chun spriocanna a bhaint amach.

Cé gur cuireadh tús le tionscadal FSS um Chomharsanacht Cúraim Chónaithe i bhfad sular chuir GDA aon teorainneacha carbóin corpraithe i bhfeidhm, sainaithníodh i Measúnú Saolré a rinneadh ag céim forbartha dearaidh roinnt teophointí carbóin ar díriodh orthu chun carbón corpraithe foriomlán an fhoirgnimh a laghdú. Áirítear orthu sin sonraíochtaí coincreíte, fuinneoige agus inslithe. Leanfar den rianú sin trí thuairisciú conraitheora nuair a bheidh an foirgneamh á thógáil.

20% den éileamh bliantúil ar fhuinneamh a ghintear ar an láithreán ó fhoinsí in-athnuaite.

Tá tionscadail ar cuireadh tús leo ó cuireadh an sprioc sin chun feidhme fós ar an mbóthar ceart chun an sprioc sin a bhaint amach.

Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh fhoirgneamh Spóirt faoi Dhíon OT Baile Átha Cliath in 2024, tá an tionscadal seo ag díriú ar 20 % a laghad de ghiniúint fuinnimh in-athnuaite trí fhótavoltachas agus teaschaidéil, tá 700msq d'eagar fótavoltachais gréine san áireamh faoi láthair ar leibhéal an dín. Nascfaidh an foirgneamh leis an gcóras téimh ceantair freisin agus nuair a bheidh an fhoirse teasa seo dícharbónaithe oibreoidh sé mar Fhoirgneamh Astaíochtaí Nialasacha de réir threoir EPBD.

VI

Comhshaol

Déine Úsáide Fuinnimh EUI (rialaithe agus neamhrialaithe) idir 30-120kWh/m²/bliain (ag brath ar thíopleolaíocht an fhoirgnimh).

Tá tionscadail ar cuireadh tús leo ó cuireadh teorainneacha IOE a bhaineann go sonrach le tionscadal chun feidhme laistigh den spriocraon fós ar an mbóthar ceart chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Rinneadh dul chun cinn maidir le dearadh fhoirgneamh Spóirt faoi Dhíon OT Baile Átha Cliath in 2024, déine íseal úsáide fuinnimh (EUI) agus clúdach seachtrach ardcháilíochta le haerdhíonacht eisceachtúil, is príomhbhreithnithe iad sin sa chéim luath forbartha dearaidh seo. Is é an t-ionchas atá ann faoi láthair, faoi réir tuilleadh forbartha dearaidh, go mbainfidh an foirgneamh seo EUI 75kWh.m².yr amach. Ceanglais thíopleolaíocha, mar shampla fuarú a theastaíonn i spásanna giomnásiam agus téamh i limistéir seirbhíse fliuch/sláintíochta chomh maith le srianta buiséid a mbíonn tionchar acu, go háirithe, ar an gclúdach seachtrach, leanann siad de dhúshlán a thabhairt don fhigiúr uailmhianach sin.

Teas dícharbónaithe a sholáthar do Shócmhainní Ghráinseach Ghormáin tríd an Líonra Téimh Ceantair faoi 2030

Leanann an obair chun an Córas Téimh Ceantair a dhícharbónú, go dtí go mbeidh an córas seo dícharbónaithe bainfidh foirgnimh aonair úsáid as teaschaidéil foinse aeir chun comhlíonadh na reachtaíochta fuinnimh a chinntiú idir an dá linn.

In 2024, rannchuidigh GDA leis an tionscadal leanúnach GEMINI (Móiminteam an Fhuinnimh Gheoiteirmigh) a seoladh go hoifigiúil i mí na Samhna 2024. Tá Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, i gceannas ar an tionscadal. Is tionscadal taispeántais fuinnimh gheoiteirmigh ilpháirtí, uile-oileáin €20/£17.3m é a fhaigheann tacaíocht ó Chlár PEACEPLUS, arna bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB). Forbrófar córas geoiteirmeach domhain (níos mó ná 500 méadar) i nGráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath, le himscrúduithe breise ar acmhainní geoiteirmeacha i gceantar Aontroma. Infheisteadh suíomh taispeántais Ghráinseach Ghormáin i dtollpholl thart ar 2 km ar doimhne é chun féidearthacht líonra teasa ar scála níos mó in Éirinn a léiriú.



Truailliú (E2)

Diríonn an tÁbhar seo ar shlabhra corparáideach agus breisluacha GDA, ar thionchair fhéideartha ar thruailliú aeir, uisce agus ithreach agus ar oiriúnú shamhail ghnó GDA i gcomhréir leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe, ag teacht leis an ngá atá le truailliú a chosc, a rialú agus a dhíothú.

Tionchair

Is gnách go mbíonn tionchair chorparáideacha GDA le haghaidh gníomhaíochtaí beaga oifigbhunaithe, agus áirítear leo tomhaltas ábhar don oifig soláthairtí (páipéar, plaisteach, tonóir), chomh maith le tomhaltas fuinnimh, lena ngintear dramhaíl agus astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Mar sin féin, is beag tionchair atá ann i gcomparáid leis an acmhainneacht maidir le truailliú a ghintear le gníomhaíochtaí tógála thar ceann ár nGeallsealbhoirí. Áirítear ar na tionchair truaillithe sin torann, deannach, agus sceitheadh féideartha hidreacarbón isteach san ithir agus sruthchúrsaí le linn gníomhaíochtaí tógála. Tá doiciméid Riachtanais Foirgníochta GDA i bhfeidhm chun tionchar an truaillithe ag suíomh Ghráinseach Ghormáin a rialú agus a íoslaghdú.

D'fhéadfadh tionchair shuntasacha a bheith ag an slabhra breisluacha, go háirithe truailliú a ghintear ag pointí eastósctha amhábhhar (mianadóireacht, mar shampla) agus próisis mhonaraíochta (monarú stroighne, mar shampla). Táimid ag féachaint ar bhealaí chun ár rialú ar an slabhra soláthair a fheabhsú chun iad sin a íoslaghdú.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha



3 Sláinte Mhaith agus Dea-Bhail

Saol sláintiúil a chinntiú agus dea-bhail a chur chun cinn do gach duine gan beann ar aois.



15 Beathra ar talamh

Foraoisí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, chun gaineamhlú a chomhrac, chun díghrádú talún a stopadh agus a aisiompú, agus chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh.

Gníomhaíochtaí

Go gcomhlíonfaidh Tionchair teorainneacha reachtúla agus tionscadail shonracha.

Leantar d'fhaireachán a dhéanamh ar aer, torann, creathadh, truailliú uisce a chuirtear go díreach i leith láithreáin tógála chun comhlíonadh a dheimhniú.

Éilíonn GDA ar Chonraitheoirí na hOibreacha a chur i gcrích ar bhealach a chinntíonn go gcomhlíontar ceanglais reachtúla, rialála agus láithreán-shonracha (lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh siúd atá liostaithe i gcoinníollacha pleanála SDZ agus DCC), lena n-áirítear srianta agus monatóireacht ar leibhéal torainn, deannaigh agus creathaidh le linn chéim na tógála.

Comhsheasmhacht feabhsaithe maidir le bailiú sonraí ar fud na láithreán foirgníochta

Cé gur forbraíodh ceanglais tuairiscithe chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht an bhailithe sonraí, déanfar iad sin a thástáil in 2025/2026 maidir le tionscadail tógála atá ar na bacáin toisc nár cuireadh tús le haon mhórtionscadal caipitil nua ar an láthair in 2024.

VI

Comhshaol

Caomhnú Uisce (E3)

Díríonn an tÁbhar seo ar thionchair agus ar thomhaltas uisce (uisce dromchla, screamhuisce agus uisce táirgthe), ar ghníomhaíochtaí chun na tionchair sin a chosc nó a mhaolú, agus ar an bhféidearthacht maidir le hoiriúnú straitéise agus samhla gnó i gcomhréir le caomhnú agus athchóiriú domhanda uisce.

Tionchair

Ní hé úsáid chorparáideach GDA an ghníomhaíocht is mó tionchair a bhaineann le huisce ach tarraingt siar le haghaidh gníomhaíocht tógála agus úsáid uisce i bhfoirgnimh. Cé go bhfuil tionchar corpraithe réamhtheachtach sa slabhra breisluacha ag céimeanna eastósctha agus monaraíochta ábhair freisin, is ar leibhéal an fhoirgnimh atá an deis tionchair is mó ag an nGníomhaireacht. Anseo, is féidir le dea-dhearadh fearais atá tíosach ar uisce agus leibhéil aistarraingthe uisce laghdaithe a chinntiú le linn úsáid an fhoirgnimh.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha



6 Uisce glan agus sláintíocht

Rochtain ar uisce agus ar shláintíocht a chinntiú do chách.



14 Beatha faoin Uisce

Na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe.

Gníomhaíochtaí

Srianadh ar rith chun srutha dromchla go 2l/s/ha le haghaidh imeachta báistí a tharlaíonn 1 as 100 bliain.

Leanúint leis an sprioc sin a bhaint amach

Áirítear bith-claise reatha i dtírdhreach nua réimse poiblí an Mear Glas in aice le Comharsanacht Cúraim Chónaithe FSS (a bhfuiltear ag súil go dtairgfear í lena tógáil in 2025. Sa chur chuige seo, is í an ithir an chéad scagaire sula scaoiltear uisce isteach sa chóras, rud a laghdaíonn luas an scaoilte freisin. Níos tábhachtaí fós, d'fhéadfadh na bith-claise reatha gnáthóga nua a chruthú. Tugtar tuairisc ar an tionchar dearfach sin sa chaibidil maidir leis an mbithéagsúlacht.

In 2024, b'ionann úsáid uisce ar láithreán tógála gníomhach an Mhoil Acadúil agus 3,273m³

Fearais ardéifeachtúlachta agus athúsáid uisce nuair is féidir chun an t-éileamh ar uisce inólta a laghdú. Tá an laghdú a baineadh amach le tuairisciú tríd an gCéim Dearaidh agus iar-aitíocht tomhaiste.

Níl aon tionscadal beo ann in 2024 ag céim leordhóthanach chun bearta caomhnaithe uisce a chur san áireamh

Áirítear sa Bhileog Feidhmíochta Inbhuanaitheachta a forbraíodh in 2024 ceanglais bhreise a chuirfidh ar ár gcumas faireachán a dhéanamh ar dhearadh agus ar fheidhmíocht úsáid an uisce. Is iad sin:

- Fó-mhéadrú ar threalamh, criosanna agus limistéir áititheora a ídíonn uisce.
- Córas braite sceite a shuiteáil.
- Úsáid uisce athchúrsáilte, neamh-inólta. Tá impleachtaí ag córas uisce liath maidir le costas, stóráil agus cóireáil UV agus ní mór breithniú sonrach a dhéanamh ar an tionscadal





Bláthanna fiáin ar an láthair, 2024. Íomhá: Grianghrafadóireacht Conor Mulhern

VI

Comhshaol

Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (E4)

díríonn an tÁbhar seo ar thionchair cuideachta ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais agus ar ghníomhaíochtaí chun drochthionchair a mhaolú.

Déantar athbhreithniú ann freisin ar rioscaí corparáideacha a bhaineann le spleáchais ar an mbithéagsúlacht agus ar na héifeachtaí airgeadais gaolmhara. Folaíonn sé fochatagóirí:

- ar an láthair
- feadh na suíomhanna slabhra breisluacha

Tionchair

Tugann forbairt Ghráinseach Ghormáin, arna sainiú ag a Máistirphlean agus arna sonrú sa Scéim Pleanála, go leor buntáistí do dhaoine, ach tá tionchar diúltach aici ar bhithéagsúlacht ar an láithreán, i dtéarmaí limistéir laghdaithe tírdhreachaithe bhoig agus mar thoradh air sin gnáthóga neadaithe.

Sa chomhthéacs thuas, tá breithniú á dhéanamh ag GDA faoi láthair ar na spriocanna is iomchuí chun torthaí forbartha bithéagsúlachta a fheabhsú. Ní éilíonn dlí na hÉireann beartas maidir le feabhsú bithéagsúlachta. Mar sin féin, tá sé d'aidhm ag GDA feabhas a chur ar staid na bithéagsúlachta ar an láthair.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha



15 Beathra ar talamh

Foraoisí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, chun gaineamhlú a chomhrac, chun díghrádú talún a stopadh agus a aisiompú, agus chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh.



14 Beatha faoin Uisce

Na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe.





Plan 2008



Plan 2024



Plan 2035

VI

Comhshaol

Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (E4) ar lean

Gníomhaíochtaí

Líon na gcrann atá le cur: 2,000 thar shaolré na forbartha

Tá cur chun feidhme na sprice sin ag leanúint ar aghaidh.

Cuireadh 784 crann go dtí seo, rud a thug iomlán na gcrann ar an láithreán go 938. Mar gheall ar charachtar idirthréimhseach an láithreáin agus forbairt leanúnach ar fud gach réimse tá gá le pleanáil fhadtéarmach chun feabhas leanúnach a chinntiú ar líon na gcrann, ar shláinte na gcrann agus ar chlúdach spáis ghlais. Bainfear úsáid as go leor suíomh ar fud an láithreáin atá oscailte agus féaráilte faoi láthair le haghaidh suíomhanna tógála amach anseo, bealaí seachadta, nó ina mbeidh seirbhísí faoi thalamh, rud a chuirfidh teorainn leis an spás atá ar fáil le haghaidh feabhsuithe fadtéarmacha fiúntacha.

In 2024, rinne GDA anailís ar bhonnlíne bithéagsúlachta 2008, ar an staid reatha, agus ar threochtaí forbartha bunaithe ar limistéir thírdhreacha bhoga agus ar chumhdach ceannbhrat crann. Deimhníodh an méid seo a leanas san anailís:

- In 2008, chlúdaigh Limistéir Ghlasa thart ar 131,996 m² den láithreán.
- In 2025, clúdaíonn na Limistéir Ghlasa thart ar 100,800 m² den láithreán.
- Nuair a bheidh sé críochnaithe, clúdóidh na Limistéir Ghlasa thart ar 98,281 m² den láithreán.
- Tomhaiseadh clúdach ceannbhrat in 2008 ag thart ar 43,914 m² (14.5% den láithreán), agus táthar ag tuar clúdach ceannbhrat ag thart ar 40,109 m² (13.2% den láithreán) bunaithe ar an bplean plandála de 2,000 crann pleanáilte

Agus aitheantas á thabhairt aige do chineál uirbeach na háite sin, dhírigh GDA a ghníomhaíocht in 2025 ar mhodheolaíochtaí a thuiscint chun cáilíocht na spásanna glasa atá ar fáil ar an láithreán a fheabhsú agus chun feabhas a chur ar chineál bithéagsúil na spásanna sin

30% de chur crann le bheith dúchasach; cur crann neamhdhúchasach chun leas an fhiadhúlra (foinse bia, foscaidh agus neadaithe).

Tá tionscadail ar cuireadh tús leo ó cuireadh an sprioc sin chun feidhme fós ar an mbóthar ceart

Tionscadal Caipitil

Breithníodh an Méar Glas (conair ghlas fhadtéarmach) in aice leis an gComharsanacht Cúraim Chónaithe, le haghaidh cur chuige malartach maidir le plandú agus draenáil. Déanfar an dearadh athbhreithnithe sin a thairiscint lena thógáil in 2025. Áirítear sa scéim réitigh chomhtháite dhúlra bhunaithe—trí úsáid a bhaint as claise reatha mar an chéad phointe bainistíochta uisce agus gnáthóga taise uathúla a chruthú ag an am céanna sula mbailítear an t-uisce isteach in umair chaolúcháin faoi thalamh. Rinneadh athbhreithniú ar an bplandáil roghnaithe chun ailíniú le spriocanna a dheimhniú chun tairbhí a sholáthar don fhiadhúlra. Áirítear leis sin limistéar in aice leis an mballa stairiúil atá ainmnithe chun ithir a choinneáil chun an bruach síl atá ann cheana a choinneáil sa limistéar díreach tar éis tochairle.

Gairdín Pobail

In 2024, chuaigh GDA isteach i saotharlann bheo Ghairdín Pobail Ghráinseach Ghormáin chun samhail rialachais inbhuanaithe a fhorbairt le páirtithe leasmhara áitiúla, lena n-áirítear OT Baile Átha Cliath, Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Átha Cliath 7 agus Workday. Ba é an sprioc ná gairdín pobail buan, dea-mhaoinithe a bhunú. I measc phríomhghníomhaíochtaí an ghrúpa bhí:

- Maoiniú urraithe d'acmhainní gairdín agus do cheardlanna oideachais.
- Reachtáladh 15 sheisiún garraíodóireachta agus ceardlanna pobail éagsúla.
- Tástáil ithreach déanta, ag nochtadh eilimintí miotalacha ardaith.

Chuir OT Baile Átha Cliath tús le plean nua sláinte agus sábháilteachta agus mhol sé tionscadail phlandála 2025 atá dírithe ar shláinte agus ar fheabhsúchán ithreach.



Corclaíocht (E5)

Díríonn an tÁbhar seo ar thionchair na cuideachta ar úsáid acmhainní, lena n-áirítear ídiú acmhainní neamh-inathnuaite agus pleananna chun samhlacha gnó agus straitéisí a oiriúnú i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, arna spreagadh ag dearadh: (i) deireadh a chur le dramhaíl agus truailliú; (ii) táirgí agus ábhair a chur i gcúrsaíocht ar a luach is airde; agus (iii) an nádúr a ghiniúint

Folaíonn sé fochatagóirí:

- Insreafaí acmhainní, lena n-áirítear úsáid acmhainní.
- Eis-sreafaí acmhainní a bhaineann le táirgí agus seirbhísí.
- Dramhaíl

Tionchair

Tá GDA ar an eolas faoi thionchair dhomhanda thionscal na tógála ar ídiú acmhainní. Dá bhrí sin, déantar éifeachtúlacht spáis agus ábhar a ionchorprú inár bpróiseas dearaidh, ní hamháin ar chúiseanna costais ach freisin chun an gá atá le hábhair agus carbón gaolmhar a laghdú.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha



12 Tomhaltas agus Táirgeacht Fhreagrach Patrúin
tomhaltais agus táirgthe inbhuanaithe a chinntiú

VI

Comhshaol

Gníomhaíochtaí

Tionscadail

Sainaitnítear i dtuairisciú thionscadal tógála an Mhoil Acadúil in 2024 gur atreoraíodh 98.47% den dramhaíl ó líonadh talún ar an iomlán. Baineadh úsáid as 18.66% de seo chun breosla soladach aisghafa a chruthú, a úsáidtear in áitheanna stroighne seachas gual. Cuirfear ceanglais chun feidhme chun feabhas a chur ar na sonraí atá ar fáil agus chun miondealuithe breise ar dhramhaíl a cheadú i dTionscadail a bheidh ann amach anseo.

Ar an gcéad dul síos – roimh dhiúscairt – ba cheart modheolaíochtaí a mheas sa dearadh chun cruthú ábhar dramhaíola a laghdú le linn na tógála agus tuilleadh le linn oibriú na tógála. Áiríodh ceanglais an Gheilleagair Chiorclaigh laistigh de chuspóir ciorclaíochta leibhéal/leibhéil an Aontais san achoimre ar an tionscadal Spóirt faoi Dhíon Ag Céim an Deartha Coincheapa, bhreithnigh na Dearthóirí ar ardleibhéal prionsabail an gheilleagair chiorclaigh maidir le níos lú a úsáid, úsáid fhreagrach nua, úsáid níos faide, agus úsáid arís. Glacadh na modheolaíochtaí deartha seo a leanas:

- Fachtóir foirme 1.7 a théann chun tairbhe d'éifeachtúlacht ábhair – tagraíonn sé sin d'éifeachtúlacht chruth nó fhoirm na bhfoirgneamh.
- Rinneadh anailís struchtúrach, lena n-áirítear carbón corpraithe agus eangach struchtúrach a socraíodh chun éifeachtúlacht an struchtúir a uasmhéadú.
- Rinneadh suíomh sheirbhísí MEP harrfheabhsú le haghaidh solúbthachta, inoiriúnaitheachta, rití gearra duchtá agus rochtana.
- Breithníodh sprioc tosaigh de 15-20 % d'ábhar athchúrsáilte/athúsáidte; forbrófar plean soláthair inbhuanaithe de réir mar a théann an dearadh ar aghaidh.
- Aithnítear prionsabail maidir le dramhaíl a dhearadh agus forbrófar iad de réir mar a théann an dearadh ar aghaidh.

• Áiríodh leis sin Túr an Chloig, Ionad Cúraim Fhionnuisce FSS, agus struchtúr Goirtín,

Forbairt Tírdhreach Súgartha Inbhuanaithe

Tá na huasghráduithe tírdhreacha atá beartaithe, in aice le Bunscoil Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Átha Cliath 7, deartha mar thírdhreach súgartha neamhfhoirmiúil chun timpeallacht dhinimiciúil tharraingteach a chruthú. Is í an fhís ná gnéithe súgartha nádúrtha, ilfheidhmeacha agus cruthaitheacha a chomhtháthú ar fud an cheantair, ag cothú eispéireas tumthach agus inbhuanaithe.

I gcomhréir le beartas GDA maidir le ciorclaíocht atá ag teacht chun cinn, tugtar tús áite sa tionscadal d'athúsáid amhábharr tánaisteach laistigh den súgradh. In 2024, rinne an fhoireann deartha (faoi stiúir Ailtirí Tírdhreacha Dermot Foley) measúnú ar ábhair nár úsáideadh tar éis oibreacha scartála agus uasghrádaithe roimhe sin chomh maith le foirgnimh a bhí le baint go luath8 chun ábhair oiriúnacha le haghaidh athrú cuspóra a shainaithint. Mar thoradh air sin, breithníodh réimse ábhar lena n-athúsáid, lena n-áirítear cloch ghearrtha (eibhear agus aolchloch), pábháil coincreíte agus leaca urláir coincreíte.

Breithnítear athúsáid amhábharr tánaisteach le haghaidh roinnt úsáidí:

- Ábhair athshlánaithe a ionchorprú i mbailchríocha dromchla nua, mar shampla gairbhéal scaoilte, measctha le hábhar orgánach chun tacú le fás plandaí.
- Úsáid i gcoincreít nua in-situ agus athchuspóra mar phábháil, clocha cora, céimeanna neamhfhoirmiúla tírdhreacha, eilimintí coinneála, ballaí suíocháin isle, agus bolláin.
- Ábhair a úsáid chun topagrafaíocht nua a bhunú.
- Súgradh – Clocha céimnithe, troscán súgartha do pháistí.





Lá Bhithéagsúlachta Fhoireann GDA i bPáirc an Fhionnuisce, 2024. Íomhá: Gníomhaireacht

VII Sóisialta

Ár Lucht Saothair Féin (S1)

Díríonn an tÁbhar seo ar thionchair ábhartha GDA ar a lucht saothair, ar ghníomhaíochtaí a rinneadh, agus ar thoradh na ngníomhaíochtaí sin chun tionchair dhiúltacha iarbhrí nó fhéideartha a chosc, a mhaolú nó a leigheas.

Folaíonn sé fochatagóirí:

- Dálaí oibre
- Cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna do chách
- Cearta eile a bhaineann leis an obair

Comhthéacs

Cuireann GFGG cleachtais agus beartais Acmhainní Daonna atá freagrach go sóisialta i bhfeidhm atá bunaithe ar dhúshlán chomhionannais, éagsúlachta agus inbhuanaitheachta agus a fhreagraíonn dóibh. Rialaíonn dlíthe agus rialacháin náisiúnta fostaíochta, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach agus na hAchtanna Caidrimh Thionscail an GDA. Táimid faoi réir dhlíthe an AE maidir le fostaíocht agus cearta an duine, lena n-áirítear treoracha maidir le cóir chomhionann san fhostaíocht, sna dálaí oibre, i sláinte agus sábháilteacht agus i gcosaint sonraí. Mar chomhlacht earnála poiblí, freisin le treoirlínte agus cóid chleachtais an rialtais maidir le rialachas agus cearta an duine.

Tá an GDA tiomanta do lucht saothair a bhfuil éagsúlacht ann a earcú agus a fhorbairt, lucht saothair ar féidir leo cur le pobal bríomhar cuimsitheach agus ar féidir leo ár misean a thabhairt chun críche chun forbairt den scoth a dhéanamh de Ghráinseach Ghormáin. In 2024, threisigh GDA a thiomantas d'fholláine, do rannpháirtíocht agus d'fhorbairt fostaithe trí thionscnaimh éagsúla atá ailínithe lenár dtosaíochtaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG)

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha



8 Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch

Fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe, lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn



5 Comhionannas Inscne

Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumhachtú



3 Sláinte Mhaith agus Dea-Bhail

Saol sláintiúil a chinntiú agus dea-bhail a chur chun cinn do gach duine gan beann ar aois.

Gníomhaíochtaí

In 2024, d'oibrigh foireann acmhainní daonna GDA ar straitéisí acmhainní daonna agus daoine atá ailínithe le spriocanna gnó GDA. Rinneadh gníomhaíochtaí a bhain le forbairt beartais, cumarsáid, sláinte agus folláine agus oiliúint.

Forbairt Beartais:

Cuireadh trí bheartas nua chun feidhme in 2024 chun tacú le spreagadh fostaithe, leis an tsláinte agus leis an gcothromaíocht oibre is saoil:

- Beartas sos míostraithe;
- Beartas maidir le Foréigean Baile;
- Athbhreithnithe ar Bheartas Oibre Cumaiscthe



Oiliúint

In 2024, thacaigh GDA le tionscnamh chun feabhas a chur ar thaithí ghairmiúil na foirne agus rinne sé infheistíocht shuntasach in uas-sciliú fostaithe trí rannpháirtíocht i gcomhdhálacha agus i seimineáir ghréasáin éagsúla chomh maith le cúrsaí foirmiúla:

- Ról Gníomhú ag Leibhéal níos Airde: Chruthaigh GDA a chéad ról gníomhú ag leibhéal níos airde in 2024, rud a thug deis d'fhostaithe taithí éagsúil a fháil ar GDA agus a gcumais i bhfreagrachtaí eile na Gníomhaireachta a léiriú.
- Clár Dioplóma AD agus Iarchéime AD a chur i gcrích ag baill foirne.
- Cáilíocht Iarchéime i nGníomhú ar son na hAeráide agus i dTuairisciú a chur i gcrích.
- Dioplómaí sa Cheannaireacht agus sa Bhainistíocht a chur i gcrích
- Oiliúint Inbhuanaitheachta Suirbhéir Cainníochta chun ailíniú le tosaíochtaí comhshaoil.
- Oiliúint an Oifigigh Cosanta Sonraí (OCS) maidir le comhlíonadh RGCS.

Cothromaíocht Foirne agus Deiseanna

- Cóimheas Inscne: (bunaithe ar 35 fhostaí san iomlán) 51.5 % baineann / 48.5 % fireann;
- Láimhdeachas an fhostaí: 2024: 6%
- An bhearna phá idir na hinscní idir a fhostaithe baineanna agus fireanna: 24.4%
- Dáileadh inscne i mbainistíocht níos airde (líon agus céatadán): 2 bhean / 5 fhear (29% baineann/ 71% fireann)
- Cóimheas idir mná agus fir ar leibhéal an Bhoird in 2024: 40% : 60%

- Tá Cód Iompair GDA bunaithe ar 5 phrionsabal: 1. Coinbhleacht Leasa 2. Tacaíocht agus Dílseacht 3. Cothroime agus Timpeallacht Oibre 4. Faisnéis Rúnda 5. Ionracas Prionsabal 3. Cumhdaíonn Cothroime agus Timpeallacht Oibre gnéithe den Chomhionannas, den Chothroime, den tSláinte agus den tSábháilteacht, agus timpeallacht atá saor ó chiapadh
- Sásra láimhseála gearán le haghaidh Fhórsa Oibre GDA: Sea, tá gnás casaoide i bhfeidhm.

Bearna phá idir na hinscní:

Amhail an 31 Nollaig 2024, ní thagann an Ghníomhaireacht faoi réir ceanglais reachtúla maidir le tuairisciú ar an mbearna phá idir na hinscní. Mar sin féin, chun tuiscint níos fearr a fháil ar an mbearna phá idir inscní agus chun forbhreathnú a fháil ar an staid reatha, tá an Ghníomhaireacht ag tuairisciú ar an mBearna Phá idir Inscní amhail an 31 Nollaig 2024.

Is ionann an bhearna phá idir inscní agus an difríocht idir meántuarastal na bhfear agus na mban in aghaidh na huaire ar fud na heagraíochta. Tá meánbhearna phá idir inscní 24.4% á tuairisciú ag an nGníomhaireacht don bhliain 2024, rud a chiallaíonn go dtuillíonn fireannaigh, ar an meán, 24.4% níos mó ná baineannaigh, bunaithe ar gach leibhéal eagraíochtúil. Cé gur feabhas é seo ar an mbearna phá idir inscní don bhliain 20239, tá sé fós níos airde ná meán na hÉireann arbh ionann é agus 9.6%. (Foinse: Suirbhé CSO ar Struchtúr Tuilleamh 2022: GPG in Éirinn do 2022 (dar dáta Deireadh Fómhair 2023))

Is céim ríthábhachtach é ár mbearna phá idir na hinscní a thuiscint i dtreo cothromaíocht inscne a bhaint amach. Tugann sé na sonraí a theastaíonn uainn chun eolas a thabhairt dár gcur chuige maidir le hearcaíocht, coinneáil agus tionscnaimh chun éagsúlacht agus cuimsiú a fheabhsú ar bhealach intomhaiste.

9 An bhliain 2023 tuairiscíodh gur 26.1 % a bhí sa bhearna phá idir na hinscní; An bhliain 2022 tuairiscíodh gurbh é 33.6 % an bhearna phá idir na hinscní

VII Sóisialta

Ár Lucht Saothair Féin (S1) ar lean

Cultúr Comhoibríoch

Timpeallacht a chothú ina spreagtar obair foirne agus comhoibriú trasfheidhmiúil.

- Aiseolas Fostaithe trí Shuirbhéanna Pulse: Chuir GDA roinnt suirbhéanna Pulse i bhfeidhm go bliantúil chun léargas fíor-ama a bhailiú ar mheon agus ar rannpháirtíocht fostaithe. Chuir na suirbhéanna seo aiseolas luachmhar ar fáil maidir le cultúr san ionad oibre, tionscnaimh folláine, agus cuimsitheacht, rud a chuir ar ár gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar ábhair inní.
- Nuachtlitir mhíosúil AD: Sheolamar nuachtlitir mhíosúil acmhainní daonna in 2024 chun feabhas a chur ar an gcumarsáid eagraíochtúil. Bhí an nuachtlitir mar ardán chun nuashonruithe a roinnt maidir le beartais, deiseanna oiliúna, tionscnaimh folláine, agus éachtaí fostaithe a cheiliúradh. Chothaigh sé trédhearcacht agus choinnigh sé an fhoireann ar an eolas faoi phríomhfhorbairtí.
- Laethanta Neartú Foirniúlachta: Eagraíodh dhá lá ar shiúl chun comhoibriú foirne a neartú. Bhí cainteoirí saineolacha ag na himeachtaí seo a thug léargas ar fhás pearsanta agus ar fhorbairt ghairmiúil.
- Sraith Ceardlann ESG: Reáchtáil GDA sraith seisiún ar fud na gníomhaireachta ag díriú ar thopaicí inbhuanaitheachta scoite faoi théamaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG). Ba é cuspóir na ceardlainne tacú le próiseas forbartha Straitéis CSR GDA. Agus meas á léiriú acu ar shaineolas inmheánach GDA, tugadh cuireadh do gach ball d'Fheidhmeannas GDA cur leis an bplé agus leis an bhfoghlaim.
- Cuireadh tús le seimineáir ghréasáin mhíosúla do gach ball foirne in 2024, rud a chothaíonn foghlaim agus rannpháirtíocht. Clúdaíonn siad ábhair éagsúla, lena

n-áirítear feidhmchláir Intleachta Saorga (IS) agus an scéim folláine.

Rannpháirtíocht agus Folláine Fostaithe

Tosaíocht a thabhairt d'inspreagadh fostaithe, sláinte, agus cothromaíocht oibre agus saoil

- Scéim Cúnaimh d'Fhostaithe (EAS): Tugadh isteach Scéim nua Cúnaimh d'Fhostaithe i gcomhpháirtíocht le Spectrum Health. Cuireann sé tacaíocht rúnda ar fáil don mheabhairshláinte, do threoir airgeadais, do chomhairle gairme, agus go leor eile. Cuireadh oiliúint ar gach ball foirne chun é a úsáid.
- Scrúdaithe Sláinte Bliantúla: Cuireadh scrúduithe sláinte bliantúla ar fáil d'fhostaithe, clinici vacsaínithe fliú san áireamh.



Lucht Saothair sa Slabhra Breisluacha (S2)

Díríonn an tÁbhar seo ar na tionchair ar oibrithe sa slabhra breisluacha arb é GDA is cúis leo nó ar rannchuidigh GDA leo, atá nasctha go díreach le hoibríochtaí agus seirbhísí GDA féin trína chaidrimh ghnó. Folaíonn sé fochatagóirí:

- Dálaí oibre
- Cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna do chách
- Cearta eile a bhaineann leis an obair

Aithníonn GDA go bhféadfadh tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bheith againn ar Oibrithe Slabhra Breisluacha; mar sin féin, ní fios méid na dtionchar sin agus níl aon smacht againn orthu.

Forbróimid tuiscint níos fearr ar ár dtionchar ar fhostaithe inár slabhra luacha agus tabharfaimid isteach ceanglais tuairiscithe ó chonraitheoirí maidir le rialachas slabhra luacha.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha:

- **8 – Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch**

Fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe, lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn.
- **5 Comhionannas Inscne**

Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumhachtú
- **3 Sláinte Mhaith agus Dea-Bhail**

Saol sláintiúil a chinntiú agus dea-bhail a chur chun cinn do gach duine gan beann ar aois.

⁹Láimhdeachas atá le ríomh de réir na foirmle seo:

¹⁰An bhliain ²⁰²³ tuairiscíodh gur ^{26.1}% a bhí sa bhearna phá idir na hinscní; An bhliain ²⁰²² tuairiscíodh gurbh é ^{33.6}% an bhearna phá idir na hinscní

Number of employees who left during the reporting year

Average number of employees during the reporting year x 100

58

VII Sóisialta

Pobail dá ndéantar difear (S3)

Díríonn an tÁbhar seo ar thionchair ar phobail a ndéantar difear dóibh arb iad oibríochtaí, seirbhísí agus trínár gcaidrimh ghnó féin GDA is cúis leo nó ar chuir siad leo

Folaíonn sé fochatagóirí:

- cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha
- cearta sibhialta agus polaitiúla
- cearta ar leith na bpobal dúchasach

Tionchair Dhiúltacha Shainaitheanta:

- Cur isteach fisiciúil ón bhfoirgníocht (trácht, truailliú, torann, cnapaireacht).
- Uaisliú as a n-eascraíonn praghsanna tithíochta boilsceithe agus infhaighteacht cíosa laghdaithe.
- Daonraí díomuana méadaithe, lena n-áirítear mic léinn.
- Plódú páirceála mar gheall ar ghníomhaíochtaí campais
- Caillteanas spásanna glasa atá neamhdhíobhálach don bithéagsúlacht.
- Méadú ar síománaíocht.

Tionchair Dearfacha:

- Claochlú fisiceach shuíomh Ghráinseach Ghormáin, nascacht agus bealaí coisithe/rotharbhealaí a fheabhsú.
- Spásanna poiblí feabhsaithe, spásanna súgartha agus saoráidí spóirt.
- Méadú ar dheiseanna fostaíochta agus oideachais.
- Grúpaí pobail áitiúla a neartú agus infheictheacht níos fearr do cheantar Ghráinseach Ghormáin.
- Rannpháirtíocht fheabhsaithe an phobail trí chomhairliúcháin, fóraim agus tionscadail amhail Grangegorman ABC (maolú bochtaineachta leanaí).

- Comóradh ar stair áitiúil.
- Fás i ngnólachtaí áitiúla, go háirithe gnólachtaí bia agus caife.
- Naisc iompair níos fearr agus saoráidí leighis nua in Ionad Cúraim Phríomhúil úrscothach.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha



11 Cathracha agus pobail inbhuanaithe

Cathracha agus lonnaíochtaí daonna a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, seasmhach agus inbhuanaithe do chách.



15 Beathra ar talamh

Foraoisí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, chun gaineamhlú a chomhrac, chun díghrádú talún a stopadh agus a aisiompú, agus chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh.



3 Sláinte Mhaith agus Dea-Bhail

Saol sláintiúil a chinntiú agus dea-bhail a chur chun cinn do gach duine gan beann ar aois.





Thug comhordaitheoir tionscadail GDA turas ar an tógáil bheo ar an láthair do pháistí ón bpobal. Íomhá: Gníomhaireacht

VII Sóisialta

Pobail a mBaineann Tionchar leo (S3) ar lean

Gníomhaíochtaí

Cairt Fostaíochta: 20% de na fostaithe nua ar láithreáin foirgníochta le bheith ina saothar áitiúil

Tá an cur chun feidhme fós ar siúl

Leanadh de Chairt Fostaíochta Ghráinseach Ghormáin a chur i bhfeidhm do chonraitheoirí ar Fhorbairt Ghráinseach Ghormáin, rud a d'éiligh orthu díriú ar sprioc 20% d'fhostaithe nua ó phobail áitiúla (i.e. i gceantair Bhaile Átha Cliath 1 agus Bhaile Átha Cliath 7). Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar fheidhmiú na Cairte freisin. I ndálaí an mhargaidh saothair atá ann faoi láthair ina bhfuil dífhostaíocht íseal agus ganntanas lucht saothair tógála, tá leibhéil fostaíochta áitiúla ag thart ar 10 % de na fruilithe nua.

Rannpháirtíocht

Tá caidrimh láidre a chothú agus an inbhuanaitheacht a chothú i gcoilár chur chuige GDA. Is é an sprioc atá againn a bheith inár 'nDea-Chomharsanacht', lena n-áiríteofar go rannchuideoidh ár n-oidhreacht le pobail athléimneacha agus inbhuanaithe a thógáil agus a chumhachtú, pobail a leanfaidh de bheith faoi bhláth tar éis dheireadh rannpháirtíocht dhíreach GDA sa cheantar.

Tá sé deacair spriocanna cainníochtúla a leagan síos sa réimse seo agus is é cuspóir GDA díriú ar mhodh a bhunú chun cáilíocht agus tionchar fadtéarmach na n-iarrachtaí rannpháirtíochta a thomhas. Tá sé sin tábhachtach chun a áirithiú go dtuairisceoidh pobail rannpháirteacha acmhainneacht mhéadaithe, muinín mhéadaithe agus rannpháirtíocht fhóinteach i bpróisis chinnteoireachta.

I measc na bpríomhshásraí le haghaidh rannpháirtíocht an phobail tá an Coiste Idirchaidrimh Pobail, an Fóram 'Build to Last Community Forum' (Fóram 'Build to Last') (Fóram Saothair agus Foghlama Ghráinseach Ghormáin roimhe seo) agus tionscadail idirghníomhaireachta amhail clár Óige Limistéarbhunaithe Ghráinseach Ghormáin. Tá ról tábhachtach ag bealaí neamhfhoirmiúla amhail na meáin shóisialta freisin. Tá sé cruthaithe gurb iad seisiúin faisnéise poiblí an uirlis is éifeachtaí chun riachtanais an phobail a thuiscint, le seisiúin le déanaí ag tabhairt aghaidh ar fhorbairtí Thairseach Shráid na Prúise agus Oibreacha aomhail

Tá Fóram Saothair agus Foghlama Ghráinseach Ghormáin tagtha chun cinn anois mar an Fóram Build to Last a dhíreoidh ar riachtanais phobail nach bhfuiltear ag freastal orthu agus pobail nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu i gceantar Ghráinseach Ghormáin a shainnithint agus féachaint le freastal orthu.





Children from the D7 Educate Together School singing at the launch of the "GOLDEN BANDSTAND - SCULPTURE". Image: Conor Mulhern Photography

VII Sóisialta

Pobail a mBaineann Tionchar leo (S3) ar lean

Rannpháirtíochtaí pobail a fhorbairt in 2024:

- Cheap GDA Bainisteoir Rannpháirtíochta Pobail lánaimseartha chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt tionscadail straitéise rannpháirtíochta pobail do GDA 2024-2027.
- Obair tosaigh a rinneadh ar fhorbairt pharaiméadair agus fhócas an tionscadail rannpháirtíochta pobail lena n-áirítear brandáil ('Tionscadal na Straitéise Rannpháirtíochta Pobail 'Build to Last Community Engagement Project'), luachanna, raon feidhme, paraiméadair, cuspoir, próisis agus príomh-aschuir bheartaithe.
- Bunú agus earcú don 'Grangegorman Build to Last Community Forum', foras deonach ilghníomhaireachta agus ilearnála straitéiseach a thiocfaidh in ionad iar-Fhóram Saothair agus Foghlama Ghráinseach Ghormáin (GLLF). Is é ról an Fhórait eolas agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an phlean straitéisigh maidir le rannpháirtíocht pobail/sochar pobail; cuidiú le riachtanais a shainithint agus freagairtí a fhorbairt; obair idirghníomhaireachta éifeachtach a shamhlú; eolas, caidrimh agus acmhainní áitiúla a thabhairt chun tionchar a uasmhéadú do phobail áitiúla; agus díriú i gcónaí ar shochair phobail i ndáil le Forbairt Ghráinseach Ghormáin.
- Coimisiúnú, foilsiú agus scaipeadh Joining Up the Dots 4 (JUTD4), an ceann is déanaí i sraith tuarascálacha socheacnamaíocha agus déimeagrafacha ar cheantar Ghráinseach Ghormáin. Is acmhainn thábhachtach é JUTD4 a úsáidfear chun gníomhaíochtaí leanúnacha rannpháirtíochta pobail GDA a threorú agus a dhíriú. Mar aon lenár dtuarascálacha Joining Up the Dots roimhe seo, chuireamar JUTD4 ar fáil saor in aisce do raon leathan eagraíochtaí pobail/deonacha, poiblí/reachtúla agus gnó/fiontair agus páirtithe leasmhara i bpobail máguaird agus níos faide i gcéin chun cabhrú leo a dtosaíochtaí, a dtionscadail agus a seirbhísí féin a chur ar an eolas agus a mhúnlú.
- Taighde a dhéanamh ar thaithí ionadaithe reachtúla pobail ar Bhord GDA agus ar a Ghrúpa Comhairleach a bhí i seilbh oifige ó thús an tionscadail agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar thaithí ionadaithe reatha agus pobail.
- Ciste Pobail Bríomhar GDA a athbheochan agus a leathnú, ciste atá ag tacú le tionscnaimh phobalbhunaithe atá dírithe ar an bpobal i gceantar Ghráinseach Ghormáin ó 2014 i leith, agus é mar aidhm leis sin é a sheoladh go luath in 2025.
- An GDA a leabú tuilleadh in eagraíochtaí pobail agus i gclár sa cheantar. Chomh maith le bheith ina chomhalta de chomhlacht rialaithe chlár frithbhochtaineachta Óige Ceantarbhunaithe Ghráinseach Ghormáin (ABC), tháinig Bainisteoir Rannpháirtíochta Pobail an GDA ina Chathaoirleach/Chataoirleach Neamhspleách ar an gClár Críochnaithe Scoile do Bhaile Átha Cliath 1 agus Baile Átha Cliath 7.
- Ghlac GDA páirt san imeacht seo atá dírithe ar an oidhreacht, agus sheol sé an chéad Eco-Hub de chuid na féile chun tionscnaimh áitiúla maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur i láthair.





Ócáid Phoiblí i nGráinseach Ghormáin in 2024. Íomhá: Conor Mulhern

VII Sóisialta

Pobail a mBaineann Tionchar leo (S3) ar lean

Stair Ghráinseach Ghormáin, Oidhreacht Áitiúil a Chaomhnú agus a Cheiliúradh

Is clár staire poiblí é Startha Ghráinseach Ghormáin, arna stiúradh ag Acadamh Ríoga na hÉireann agus GDA, atá tiomnaithe do thaighde agus comóradh a dhéanamh ar startha 200+ bliain Ghráinseach Ghormáin trí imeachtaí agus foilseacháin. In 2024, rinneadh an méid seo a leanas leis an gclár:

Mhainnigh sé cúig thionscadal chruthaitheacha a rinne iniúchadh ar stair Ghráinseach Ghormáin trí scríbhneoireacht, filíocht, grianghrafadóireacht agus taighde.

Tionscadal Staire Béal Tacaithe.

Óstáladh léachtaí, lena n-áirítear caint an Ollaimh Hamish Maxwell Stewart ar iompar ciontaithe ó Ghráinseach Ghormáin go dtí an Tasmáin.

Léiriú ar Chlár Faisnéise na Ceardlainne Tearmainn ag Féile Staire Bhaile Átha Cliath.

Reáchtáladh imeachtaí ‘Taispeáin is Inis’.

Bhí léacht á reáchtáil ag an Dr Joan Kavanagh ar stair Iompar na ciontóirí bainearna ó Ghráinseach Ghormáin go dtí an Tasmáin.

Bhí léacht ar siúl ón Ollamh Hamish Maxwell Stewart ar Chiontóirí Comórtha: Gráinseach Ghráinseach Ghormáin go dtí an Tasmáin.

Éascaíodh taispeáint Fhéile Staire Bhaile Átha Cliath ar chlár faisnéise na Ceardlainne Tearmainn.

Éascaíodh léachtaí poiblí, seimineáir agus foilseacháin éagsúla eile.

Trí na tionscnaimh sin, athdhearbhaíonn GDA go bhfuil sé tiomanta do mhothú láidir áite, oidhreacht chultúrtha agus rannpháirtíocht an phobail a chothú. Trí thosaíocht a thabhairt d'fhorbairt chuimsitheach agus do chaidrimh fhiúntacha, leanaimid de thodhchaí inbhuanaithe athléimneach a thógáil do Ghráinseach Ghormáin agus dá pobail.

Tionscnaimh Chultúrtha agus Phobail in 2024

- Dealbhóireacht Golden Bandstand: Cloch mhíle mhór, cuireann an saothar ealaíne poiblí seo le Garrett Phelan le beocht chultúrtha, rud a chuireann spás ar fáil do léirithe agus d'imeachtaí. Bhí páistí scoile áitiúla agus grúpaí pobail le feiceáil ina chéad léiriú.
- Foirgneamh Eaglais na hÉireann: Óstáladh taispeántais, scannánaíocht físeán ceoil, agus tionscadail mac léinn, rud a threisiúnn rannpháirtíocht chultúrtha.
- Féile Bothair na gCloch: Don seachtú bliain as a chéile, ghlac GDA páirt san imeacht seo atá dírithe ar an oidhreacht, agus sheol sé an chéad Eco-Hub de chuid na féile chun tionscnaimh áitiúla maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur i láthair.
- Múrphictiúr Ceirmeach faoi Stiúir an Phobail: Nochtadh an múrphictiúr seo le linn Sheachtain SDG agus ardaíonn sé feachtas ar bhithéagsúlacht, rud a chomhlánaíonn tionscadal Úlla Orchard.
- Rannpháirtíocht Teach Oscailte Bhaile Átha Cliath: D'óstáil GDA comhrá comhstádais ar fhorbairt spáis phoiblí agus threoraigh sé turais díolta amach ar iarrachtaí athghiniúna Ghráinseach Ghormáin.



Úsáideoirí Deiridh & Institiúideach Páirtithe leasmhara (S4)

Díríonn an tÁbhar seo ar na tionchair dhiúltacha agus dhearfacha ar úsáideoirí deiridh agus ar pháirtithe leasmhara institiúideacha arb é GDA is cúis leo nó ar rannchuidigh GDA leo, atá nasctha go díreach lenár n-oibríochtaí agus trí chaidrimh ghnó eile. Folaíonn sé fochatagóirí:

- úsáideoirí deiridh agus páirtithe leasmhara institiúide
- Sábháilteacht phearsanta úsáideoirí deiridh agus páirtithe leasmhara institiúide
- Ionchuimsiú sóisialta úsáideoirí deiridh agus páirtithe leasmhara institiúide

Tá na caidrimh idir GFGG agus ár bPáirtithe Leasmhara institiúide, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus FSS, á rialú ag Comhaontuithe Rialachais seanbhunaithe atá ailínithe leis an Acht um GFGG. Tugann Grúpa Comhairliúcháin agus Coiste Idirchaidrimh an Phobail tacaíocht bhreise do rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Cuimsítear sna grúpaí sin ionadaithe ó pháirtithe leasmhara ainmnithe Ghráinseach Ghormáin go léir, lena n-áirítear úsáideoirí seirbhíse FSS, foireann agus mic léinn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, ionadaithe an phobail áitiúil agus ionadaithe poiblí don cheantar. Ina theannta sin, sainordaítear leis an Acht um GFGG nach mór do chomhalta Boird amháin a bheith ina chónaí i gcomharsanacht Ghráinseach Ghormáin. Le linn bhunú an Mháistirphlean agus an Phlean Straitéisigh, reáchtáladh go leor cruinnithe pobail agus ceardlanna chun ionchur a bhailiú ar na pleananna don láithreán.

Bíonn tionchar ag gníomhaíochtaí uile GDA ar ár bPáirtithe Leasmhara agus tá gach sprioc agus gníomhaíocht ar gach chuid den tuarascála seo bunaithe ar thuiscint air sin. Tá cuspóirí agus spriocanna GDA ailínithe le cuspóirí agus spriocanna ár bpáirtithe leasmhara i ndáil lena riachtanais maidir le forbairt agus oibriú sócmhainní tógtha.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha



8 – Obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch

Fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe, lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do chách a chur chun cinn.



11 Cathracha agus pobail inbhuanaithe

Cathracha agus lonnaíochtaí daonna a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, seasmhach agus inbhuanaithe do chách.

VIII

Rialachas

Díríonn an tÁbhar seo ar straitéis agus ar chur chuige GDA, ar phróisis agus ar nósanna imeachta, chomh maith lena fheidhmíocht maidir le hiompar gnó. Folaíonn sé fochatagóirí:

- Cultúr corparáideach
- Cosaint sceithirí
- Rannpháirtíocht pholaitiúil agus gníomhaíochtaí stocaireachta
- Caidreamh le soláthróirí a bhainistiú, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta
- Éilliú agus breabaireacht (Cosc agus brath, lena n-áirítear oiliúint agus teagmhais)

Iompar Gnó

Is comhlacht faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta é GFGG. Tá Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm ag GFGG leis an Roinn chun a chinntiú go bhfuil a chuspóirí straitéiseacha ailínithe le cuspóirí a mháthair-Roinne, agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn na Gníomhaireachta.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ábhartha



16 Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre

Sochaithe síochánta cuimsitheacha a chur chun cinn ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe, rochtain ar cheartas a chur ar fáil do chách agus institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus cuimsitheacha a thógáil ar gach leibhéal

Cód Cleachtais

Feidhmíonn an Gníomhaireacht faoin gCód Cleachtais fhadréimseach chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Cinntíonn an cód mionsonraithe seo – agus a chuspóirí – go bhfreastalaíonn an Gníomhaireacht ar leasanna an Rialtais mar pháirtí leasmhar, an cáiniócoir, agus gach páirtí leasmhar eile, agus go saothraíonn sí luach ar airgead inár n-iarrachtaí, lena n-áirítear riosca a bhainistiú go cuí de réir Fonn Riosca na Gníomhaireachta.

Tá an Cód deartha chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhthráchtála na caighdeáin is airde rialachais chorpóraidigh. Soláthraíonn sé creat chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus tá sé beartaithe treoir a thabhairt maidir le maoirseacht, cinnteoireacht, ceanglais tuairiscithe agus comhaltaí a cheapadh ar an mBord. Tá sé bunaithe ar phrionsabail bhunúsacha an dea-rialachais, na cuntasachta, na trédhearcachta, na hionracais, agus ar dhíriú ar rathúlacht inbhuanaithe na heagraíochta san fhadtárma. Maidir leis seo, gníomhaíonn an Gníomhaireacht go stuama, go heiticiúil agus go trédhearcach mar eintiteas poiblí agus déanann sí ár ngníomhaíochtaí i gcomhréir lenár bhfreagrachtaí reachtúla.



Comhaontú Rialachais

Tá Comhaontú Rialachais saincheaptha i bhfeidhm idir GFGG agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a shainmhíníonn róil agus freagrachtaí faoi seach maidir le bainistíocht cláir agus tionscadail agus a sholáthraíonn struchtúr le haghaidh cinnteoireachta atá ailínithe leis an gCód Caiteachais Phoiblí, agus Treoirlínte Bonneagair a tugadh isteach le déanaí.

Cód Iompair do na Baill Foirne

Tá Lámhleabhar Foirne forbartha ag GDA lena n-áirítear an Cód Iompair do na Baill Foirne Rialaítear an cód le cúig phrionsabal:

1. Coinbhleacht Leasa, le forálacha Alt 28 agus 30 d'Acht GDA 2005.
2. Tacaíocht agus Dílseacht, lena gceanglaítear ar an bhfoireann tacú le gach gníomhaíocht a dhéanann an Gníomhaireacht.
3. Cothroime agus Timpeallacht Oibre, lena n-áirítear comhionannas, cothroime, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus an comhshaol saor ó chiapadh.
4. Faisnéis Rúnda, le forálacha Alt 31 d'Acht GDA 2005
5. Ionracas, lena n-áirítear oibleagáid bronnánais chorpáraídeacha a thabhairt nó a fháil. Deimhníonn sé

freisin go bhfuil na rannóga á rialú ag na breithnithe eiticíúla sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Sainordú na hEarnála Poiblí um Gníomhú ar son na hAeráide

Féachann Sainordú na hEarnála Poiblí um Gníomhú ar son na hAeráide le tacú le comhlachtaí san earnáil phoiblí dea-shampla a thabhairt. Baineann sé le comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear GDA agus ár bPáirtithe Leasmhara OT Baile Átha Cliath, FSS agus an Roinn Oideachais. Leagtar amach sa Sainordú na cuspóirí maidir le gníomhú ar son na haeráide do chomhlachtaí poiblí agus déantar athbhreithniú air gach bliain.

Is iad na spriocanna astaíochtaí GCT a laghdú 51 % in 2030; éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ó 33 % in 2020 go 50 % faoi 2030; agus Treochláir maidir le Gníomhú ar son na hAeráide a thabhairt cothrom le dáta gach bliain i gcomhréir le Sainordú nuashonraithe na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Déantar measúnú ar an dul chun cinn maidir leis an sainordú a chur chun feidhme trí úsáid a bhaint as 'cur chuige comhlíonta nó mínithe' laistigh d'ardán M&R SEAI. Comhlíonann GDA an méid thuas go léir. (Tá sonraí ar fáil i gcuid E1 Athrú Aeráide.)

VIII

Rialachas

Nochtadh agus tuairisciú reachtúil

Saoráil Faisnéise

Tháinig GFGG faoin Acht um Shaoráil Faisnéise in 2015. Don bhliain 2024, phróiseáil an Ghníomhaireacht seacht n-iarratas faoin Acht seo.

Ceisteanna an Oireachtais

De réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú 2016, tá prótacail curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun faisnéis a sholáthar do chomhaltaí an Oireachtais. Tuairisceoidh an Ghníomhaireacht go bliantúil ar chomhlíonadh na bprótacal seo agus foilseofar gach iarratas ar fhaisnéis agus a bhfreagraí (nuair is cuí) ar ár suíomh gréasáin. Fuarthas dhá iarratas ar fhaisnéis ó chomhaltaí an Oireachtais le linn 2024.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Agus é ina chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil le líon an nochta cosanta a rinneadh ina leith sa bhliain roimhe sin, agus maidir leis an ngníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta den sórt sin. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta don Ghníomhaireacht sa tréimhse 1 Eanáir 2024 – 31 Nollaig 2024.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Rialaítear an Dlí um Chosaint Sonraí in LEE go príomha leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE/2016/679) ('RGCS'). Tá an Ghníomhaireacht freagrach as comhlíonadh an RGCS maidir le gach fo-thacar sonraí. Tá príomhghníomhaíochtaí próiseála na sonraí pearsanta a dhéanann an Ghníomhaireacht faoi réir an RGCS.

Cód Iompair 2018 do Dhaoine a bhfuil Gníomhaíochtaí Brústocaireachta á Seoladh acu

Ón 1 Eanáir 2019 tá feidhm ag an gCód Iompair do Dhaoine a bhfuil Gníomhaíochtaí Brústocaireachta á Seoladh acu maidir leis an nGníomhaireacht.

An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as comhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine ('an Dualgas'). Cuireann sé seo oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí cearta daonna na ndaoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chosaint; agus don fhoireann agus iad i mbun a gcuid oibre laethúil.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tugann Rialacháin Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019 (I.R. Uimh. 230 de 2020) an GDA faoi raon feidhme an Achta le héifeacht ón 25 Meitheamh 2020.





Suíomh Aeróg Ghráinseach Ghormáin i gcomhthéacs dhreach Chathair Bhaile Átha Cliath, Eanáir 2024. Íomhá: Grianghrafadóireacht Barrow Coakley

VIII

Rialachas

Íocaíochtaí Prasa

Tá Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin tiomanta do gach iarracht a dhéanamh chun ár soláthraithe a íoc go pras Thug an Rialtas ceanglas neamhreachtuil isteach i mí an Mheithimh 2009 chun an tréimhse íocaíochta ag Ranna an Rialtais Láir dá soláthraithe a laghdú ó (líon laethanta reachtuil) 30 lá go 15 lá. Tá gach iarracht á déanamh, i gcomhréir le nósanna imeachta cearta airgeadais, chun a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den fhráma ama seo. Seo thíos achoimre ar na blianta 2024 agus 2023. D’íoc an Gníomhaireacht go substaintiúil le soláthraithe laistigh de 15 lá (2024: 80%; 2023 : 71%). Feabhas a chur ar fheidhmíocht na híocaíochta pras bliain ar bhliain.

Cleachtais íocaíochta dea-chleachtais a choinneáil ar bun agus nochtadh bliantúil a dhéanamh

O mhí Eanáir 2024 ar aghaidh, foilsíonn GDA tuarascálacha ráithiúla maidir le híocaíochtaí prasa ar ár suíomh gréasáin.

Tuarascáil Pras Íocaíochta						
	Bliain 2024			Bliain 2023		
	Líon	€	% líon na nÍocaíochtaí	Líon	€	% líon na nÍocaíochtaí
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh < 15 lá	773	29,701,052	80%	701	38,247,563	71%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh > 15 lá & < 30 lá	193	2,918,361	20%	290	2,088,551	29%
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh > 30 lá	0	0	0	0	0	0
Líon na n-Íocaíochtaí sa Bhliain	966	32,619,413	100%	991	40,336,114	100%



Cuid III

IX

Ráitis Airgeadais

CLÁR ÁBHAIR	Leathanach
Comhaltaí Boird agus Faisnéis Eile	73
Ráiteas Rialachais	75
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	87
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Cliste	91
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Brabús Coinnithe	93
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	94
Ráiteas ar Staid Airgeadais	95
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	96
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	97

Comhaltaí Boird agus Faisnéis Eile

Comhaltaí Boird

An tUas. Paul O'Toole	Cathaoirleach	Ceaptha an 14 Eanáir 2020 agus ath cheaptha an 13 Eanáir 2023
An tUas. Gerrard Casey	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	(ceaptha 13 Iúil 2016)
Iníon Deborah Byrne		(ceaptha 10 Deireadh Fómhair 2023 & athcheaptha 7 Meitheamh 2024)
An tUas. David Conway		(ceaptha 14 Eanáir 2020 & athcheaptha 14 Eanáir 2023)
An tUas. Jim Curran		(athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2021 & críochnaíodh an téarma an 9 Meán Fómhair 2024)
Iníon Martina Fitzgerald		(athcheaptha ann 22 Lúnasa 2024)
An tUas. James Gough		(ceaptha 9 Meán Fómhair 2023)
Iníon Orna Hanly		(ceaptha 1 Feabhra 2024)
Iníon Julie Herlihy		(ceaptha 22 Lúnasa 2023)
An Dr Paul Horan		(athcheaptha an 30 Bealtaine 2024)
Mr Ray McAdam		(ceaptha ann 16 Lúnasa 2024)
An tUas. Ciaran McCaffrey		(athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2024)
An tUas. Jack MacGowan		(athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2021 & críochnaíodh an téarma an 8 Meán Fómhair 2024)
Iníon Mellany McLoone		(athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2024)
An tUas. Luke McManus		(athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2024)
An tOllamh Terri Scott		(athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2024)
Iníon Deirdre Scully		(athcheaptha ann 16 Lúnasa 2024)
Mr Peter Smyth		(ceaptha an 29 Deireadh Fómhair 2024)



Comhaltaí Boird agus Faisnéis Eile

OIFIG CHLÁRAITHE

4^ú hUrlár, Teach na Páirce Ghráinseach Ghormáin
191 An Cuarbhóthar Thuaidh,
Baile Átha Cliath 7
D07 EWV

INIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtair Cuntas agus
Ciste 3A Sráid an Mhéara
Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Baile Átha Cliath 01 PF72

BAINCÉIRÍ:

Bainc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2
D02 VR66

AIB plc
1 Sráid Bhagóid
Baile Átha Cliath 2
D02 X342

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Duga an Stáitchiste
Cé an Bhalla Thuaidh,
D01 A9T8

ATURNAETHA:

McCann Fitzgerald
Riverside One
Cé Sir John Rogerson D02
X576

Ráiteas Rialachais

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Bunaíodh an Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GFGG) faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 chun láithreán Ghráinseach Ghormáin a fhorbairt chun leasa Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, FSS agus an phobail áitiúil. Tá an Bord cuntasach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá na hábhair atá coinnte le haghaidh chinntí an Bhoird de réir a reachtaíochta cumasúcháin liostaithe thíos. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (Oifigeach Cuntasaíochta faoin Acht) agus an fhoireann feidhmiúcháin freagrach as bainistiocht oibríochta agus rialú laethúil. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistiocht an GFGG.

Bíonn an GFGG ag feidhmiú faoi chreat Rialachais Chorporáidigh ina léirítear dea-chleachtas agus atá ag teacht le riachtanais Straitéiseacha agus oibríochta ár bpáirtithe leasmhara agus leis an Acht um Gníomhaireachta Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005. Tá an Gníomhaireacht faoi réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá 15 chomhalta ar an nGníomhaireacht ceaptha ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus ceaptar duine acu mar Chathaoirleach.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Tá obair agus freagrachtaí na Gníomhaireachta leagtha amach san Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005.

Is í aidhm an Achta forbairt suíomh 73 acra i nGráinseach Ghormáin i mBaile Átha Cliath a éascú mar champas nua-aimseartha d'Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, chun saoráidí sláinte príomhúla agus cúraim shóisialta uasghrádaithe a sholáthar don FSS agus chun rochtain / áiseanna pobail a chur ar fáil.

Tá sé mar fheidhm iomlán ag an GFGG bainistiocht tionscadail a dhéanamh ar an bhforbairt ar bhealach atá comhtháite agus inbhuanaithe. Go ginearálta, is iad feidhmeanna na Gníomhaireachta ná:

- Glacadh le suíomh Ghráinseach Ghormáin agus réadmhaoin OT Bhaile Átha Cliath;
- Plean Straitéiseach a ullmhú;
- Cinneadh a dhéanamh maidir le straitéis soláthair chuí;
- Dul i gcomhairle le heagraíochtaí ábhartha, le grúpaí ionadaíochta agus leis an bpobal áitiúil;
- Dul i mbun tógála;
- Réadmhaoin a thabhairt ar ais don FSS/ OT Bhaile Átha Cliath nó foras oideachais ar bith eile.

Ceanglaítear le halt 33(4) den Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 go gcoimeádfar cuntais na Gníomhaireachta do gach bliain airgeadais i cibé foirm agus modh a shonróidh an tAire agus go n-ullmhóidh an POF iad agus go gceadóidh an Gníomhaireacht iad a luaithe is féidir.



Ráiteas Rialachais

infheidhmithe tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad lena gcur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an nGníomhaireacht:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus measúnuithe a dhéanamh atá réasúnta agus críonna;
- A lua ar cloíodh le caighdeán chuntasaíochta infheidhmithe, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 102, (FRS 102), faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- Aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeán chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Gníomhaireacht i mbun gnó.

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon sé na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil, inar nochtar, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Ailt 33 - 36 den Acht GFGG 2005.

Cúrsaí a fhorchoimeádar don Bhord

- Faomhadh chuspóirí agus straitéisí fadtéarmacha GFGG;
- Bunú, téarmaí tagartha, ballraíocht, nósanna imeachta agus lánscor choistí an Bhoird;
- Bunú agus díscáileadh an Ghrúpa Chomhairligh (Alt 22 den Acht GFGG 2005);
- Faomhadh thuarascáil bhliantúil agus chuntais GFGG;
- A dheimhniú gach bliain don Aire go bhfuil córas rialaithe airgeadais inmheánaigh i bhfeidhm ag an gComhlacht Stáit;
- Glacadh le Plean Straitéiseach (Alt 12(4) den Acht GFGG 2005);
- Straitéisí glactha a chur chun feidhme trí thimthriall pleanála agus buiséadaithe bliantúil;
- Faomhadh an phlean agus an bhuiséid bhliantúil, agus meastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht faoi threoir an phlean agus an bhuiséid ar bhonn bliantúil lena cuimsiú sa tuarascáil bhliantúil i gcás inarb iomchu

Ráiteas Rialachais

- Iasachtaí a dhéanann GFGG (Alt 15 den Acht GFGG 2005);
- Nósanna imeachta um dhámhachtain conartha a chinneadh le haghaidh Conarthaí Seirbhíse, Soláthair agus Oibre GFGG, ar aon dul le nósanna imeachta soláthair;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe foriomlána rialachais chorpáidigh GFCC agus ar théarmaí tagartha na bhfochoistí;
- An creat bainistíochta riosca, an inghlacthacht riosca a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Ba chóir don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar Phríomhrioscaí na Gníomhaireachta agus gníomhaíochtaí an lucht bainistíochta a shonrú nó a fhaomhadh, de réir mar is iomchuí;
- Ceapachán an Phríomhfheidhmeannaigh a fhaomhadh, agus a chomharbas a phleanáil;
- Beartas straitéiseach maidir le hionchúiseamh, cosaint nó socrú dlíthíochta a chinneadh;
- Talamh, leas i dtalamh nó aon mhaoín eile a cheannach agus a dhiúscairt faoi réir thoiliú an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (Alt 8(2) den Acht GFGG 2005);
- Sócmhainní lena mbaineann luach réamh-mheasta ag leibhéal tairisí de €150,000 nó os a chionn a cheannach, a dhiúscairt agus a chur as feidhm;
- Scéim aoisliúntais a ullmhú lena cur faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus leasuithe suntasacha ar an scéim (a bhféadfadh fhaomhadh an Aire a bheith ag teastáil ina leith) a fhaomhadh;
- Freagracht as leibhéil údaráis, beartais bainistíochta cistíochta agus riosca a tharmligean;
- Comhlíonadh a chinntiú maidir le ceanglais reachtúla agus riaracháin maidir le líon, grádú, agus coinníollacha ceapacháin na foirne go léir a fhaomhadh, i gcomhréir le ciorcláin agus smachtbhannaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe;
- Scaireanna a fháil i gcuideachtaí faoi dhliteanas teoranta chun leas a bhaint as aon obair thaighde, chomhairleachta nó forbartha a dhéanann an Gníomhaireacht (Alt 9(1)(b) den Acht GFGG 2005);
- Tailte agus áitribh atá le háitiú ag FSS, ag OT Bhaile Átha Cliath nó ag comhlacht oideachais eile, ag deireadh na céime tógála, a dhílsiú in úinéireacht an údaráis, na hinstiúide nó an chomhlachta eile faoi seach (Alt 9(1)(l) GFGG 2005);
- Athbhreithniú a dhéanamh ar a oibriú féin agus féachaint le bealaí a shainaithint chun a éifeachtúlacht a fheabhsú agus a shainaithint an bhfuil bearnaí sna hinniúlachtaí agus bealaí ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu sin;
- Chomh maith le cruinnithe rialta chomhaltaí na Gníomhaireachta, tionólaí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cruinnithe foirmiúla rialta leis na páirtithe leasmhara lena n-áirítear an Roinn ábhartha, OT Bhaile Átha Cliath agus FSS.




Ráiteas Rialachais

Timthriall Rialachais na Gníomhaireachta




Struchtúr na Gníomhaireachta

Struchtúr Eagrúcháin an GDA



Ráiteas Rialachais

Foireann an Lucht Ardbhainistíochta



Ráiteas Rialachais

Struchtúr na Gníomhaireachta

Tá an Gníomhaireacht comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 ghnáthchomhalta, agus is é an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta a cheapann gach duine acu. Ceaptar Comhaltaí na Gníomhaireachta ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana agus tagann siad le chéile ar bhonn rialta. Sa tábla thíos liostaítear comhaltaí na Gníomhaireachta a bhí ar seirbhís le linn 2024, agus na dátaí ceapacháin agus éirí as oifig faoi seach.

Comhalta Gníomhaireachta	Ainmnithe ag	Dáta Ceaptha
An tUasal Paul O'Toole (Cathaoirleach)	An tAire RBATNE	Athcheaptha an 13 Eanáir 2023
An tUasal Gerrard Casey (POF)	An tAire RBATNE	13 Iúil 2016
Iníon Deborah Byrne	CE DCC	Ceaptha an 10 Deireadh Fómhair 2023
An tUas. David Conway	An tAire RBATNE	éirithe as 7 Meitheamh 2024
An tUas. Jim Curran	An tAire Sláinte	Athcheaptha an 14 Eanáir 2023
An tUas. James Gough	An tAire RBATNE	Athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2021 agus críochnaíodh an téarma 9 Meán Fómhair 2024
Iníon Martina Fitzgerald	An tAire RBATNE	Ceaptha an 9 Meán Fómhair 2023
Iníon Orna Hanly	Uachtarán OT Bhaile Átha Cliath	Ceaptha ann 22 Lúnasa 2024
Iníon Julie Herlihy	An tAire RBATNE	Ceaptha an 1 Feabhra 2024
An Dr Paul Horan	Uachtarán OT Bhaile Átha Cliath	Ceaptha ann 22 Lúnasa 2023
An tUas. Ray McAdam	CE DCC	Athcheaptha an 30 Bealtaine 2024
An tUas. Ciaran McCaffrey	An tAire RBATNE	Ceaptha 16 Lúnasa 2024
An tUas. Jack MacGowan	An tAire RBATNE	Athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2024
Iníon Mellany McLoone	An tAire Sláinte	Athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2024
An tUas. Luke McManus	Pobal	Athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2024
An tOllamh Terri Scott	An tAire RBATNE	Athcheaptha an 9 Meán Fómhair 2024
Iníon Deirdre Scully	CE DCC	Athcheaptha an 16 Lúnasa 2024
An tUas. Peter Smyth	An tAire Sláinte	Ceaptha an 29 Deireadh Fómhair 2024

Tá cúig choiste bunaithe ag an nGníomhaireacht, mar a leanas:

1. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: tá ceithre Chomhaltaí Gníomhaireachta ann ar a laghad. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) tacú leis an nGníomhaireacht maidir lena freagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Is é an CIR ná

Ráiteas Rialachais

neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an CIR go ndéanfar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Gníomhaireacht i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad seo a leanas comhaltaí an CIR in 2024:

Julie Herlihy (Cathaoirleach), David Conway, James Gough, Orna Hanly, an tOllamh Terri Scott (a tháinig isteach an 27 Samhain 2024) agus Ciaran McCaffrey (a chuaigh in éag an 27 Samhain 2024)

Bhí 5 chruinniú ag an CIR in 2024:

2. An Coiste Sláinte & Sábháilteachta: tá triúr Comhaltaí Gníomhaireachta ar a laghad ann.. Is é ról an Choiste Sláinte agus Sábháilteachta (CS&S) monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta atá ann cheana féin agus treoir straitéiseach agus ceannaireacht a sholáthar chun soláthar sábháilte thionscadal Ghráinseach Ghormáin a chinntiú. Tá sé mar aidhm ag an CS&S cuidiú le fíis an GDA a bhaint amach “Is é an aidhm atá againn cur chuige comhoibríoch Sláinte agus Sábháilteachta a ghlacadh thar theorainneacha”. Cuirtear moltaí ón gcoiste faoi bhráid an Bhoird.

Is iad seo a leanas comhaltaí an CS&S in 2024:

Ciarán McCaffrey (Cathaoirleach), an Dr Paul Horan, Mellany McLoone agus Luke McManus. Ceapadh Ray McAdam an 16 Lúnasa 2024

Bhí 3 chruinniú ag an CS&S in 2024:

3. Clár & Pleanáil (ar a dtugtaí an Coiste Straitéise & Pleanála roimhe seo): tá cúigear Comhaltaí Gníomhaireachta ar a laghad ann. Is é ról an Choiste Clár & Pleanáil (CCP) monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar an Phlean Straitéise & Diúscartha Réadmhaoine, go háirithe nithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an Scéim Pleanála nó ar an bPlean Straitéiseach; deiseanna agus dúshlán fhéideartha don Gníomhaireacht a bhreithniú agus comhairle a thabhairt ina leith; deiseanna nó tionscnaimh chun an tionscadal a chur chun cinn a bhreithniú agus comhairle a thabhairt ina leith; tuairisc a thabhairt don Bhord ar shaincheisteanna a thagann chun cinn agus ar na roghanna straitéise atá ar fáil.

Is iad seo a leanas comhaltaí an CCP in 2024:

Deirdre Scully (Cathaoirleach), David Conway, Jim Curran (críochnaíodh an téarma 9 Meán Fómhair 2024), an Dr Paul Horan, Ciaran McCaffrey (arna shíniú an 27 Samhain 2024), Peter Smyth (arna cheapadh an 29 Deireadh Fómhair 2024), an tOllamh Terri Scott agus Jack MacGowan (críochnaíodh an téarma an 8 Meán Fómhair 2024).

Bhí 4 chruinniú ag an CCP in 2024:

4. An Coiste um Acmhainní Daonna agus um Fhorbairt Eagraíochtúil (ar a dtugtaí an Coiste um Pleanáil Acmhainní Daonna agus an Lucht Saothair roimhe seo): tá cúigear Comhaltaí Gníomhaireachta ar a laghad ann. Is é ról an An Coiste um Acmhainní Daonna agus um Fhorbairt Eagraíochtúil comhairle a chur ar an nGníomhaireacht agus moltaí a dhéanamh faoi chúrsaí an lucht saothair. Tuairiscíonn an CADFE don Gníomhaireacht i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.



Ráiteas Rialachais

Is iad seo a leanas comhaltaí an CADFE in 2024:

Mellany McLoone (Cathaoirleach), Jim Curran (críochnaíodh an téarma an 9 Meán Fómhair 2024), an tOllamh Terri Scott, Martina Fitzgerald (arna cheapadh an 22 Lúnasa 2024), Julie Herlihy (arna ceapadh an 27 Samhain 2024) agus Peter Smyth (arna cheapadh an 29 Deireadh Fómhair 2024)

Bhí 3 chruinniú ag an CADFE in 2024:

5. An Coiste Sláinte & Sábháilteachta: tá cúig Comhaltaí Gníomhaireachta ar a laghad ann.. Is éard a bheidh sna téarmaí tagartha don choiste Pobail agus Cultúir ná cúrsaí a bhreithniú, ar an leibhéal straitéiseach, a thagann chun cinn as obair an Ghrúpa Chomhairligh, an Choiste Idirchaidrimh Pobail, Fhóram Saothair Áitiúil Ghráinseach Ghormáin, na Meithle um Ealaín Phoiblí, Ghrúpa Stair Ghráinseach Ghormáin. Déanann an coiste nua gnéithe straitéiseacha mhisean na GFGG a bhreithniú maidir leis na réimsí sin agus cuirfidh sé comhairle ar an mBord dá réir.

Tuairiscíonn an CPC don Gníomhaireacht i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad seo a leanas comhaltaí an CPC in 2024:

Luke McManus (Cathaoirleach), Deirdre Scully, James Gough, agus Orna Hanly D'éirigh Deborah Byrne as oifig an 7 Meitheamh 2024 agus ceapadh Ray McAdam an 16 Lúnasa 2024.

Bhí 3 chruinniú ag an CPC in 2024:

Comhaltaí Boird nua

Tá próiseas ionductaithe ag an GFGG do Chomhaltaí Boird nua. Dearadh é lena chinntiú go bhfuil siad eolach faoi oibleagáidí reachtúla na Gníomhaireachta agus faoin dóigh a ndéanann an Bord a ghnó. Áirítear leis sin ábhar faisnéise ábhartha, sonraí faoi phleananna straitéiseacha na Gníomhaireachta, agus áirítear leis freisin príomhchruinnithe an Bhoird agus na bhfochoistí.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

Tá sceideal freastail ar chruinnithe Bhord agus choistí na Gníomhaireachta do 2024 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansas a fhaigheann gach Comhalta:

Ráiteas Rialachais

Comhaltaí an Bhoird agus an Choiste Boird agus freastal ar chruinnithe in 2024									
	An Bord	Iniúchadh & tinreamh	Sláinte & Sábháilte	Clár & Pleanáil	Acmhainní Daonna & Forbairt	Pobal Cultúr	Táille € 2024	Costais € 2024	
Líon na gcrúinnithe	7	5	3	4	3	3			
Mr Paul O'Toole	7						8,978		
An tUas. Gerrard Casey	7							540	
Iníon Deborah Byrne	4 (4)					0 (2)	2,610		
An tUas. David Conway	7	5		3 (4)			5,986	175	
An tUas. Jim Curran	4 (5)			2 (3)	2 (2)		4,120		
An tUas. James Gough	5 (7)	5 (5)				3	5,987		
Iníon Martina Fitzgerald	2 (2)				1 (1)		2,142		
Iníon Orna Hanly	6 (7)	2 (2)				3			
Iníon Julie Herlihy	7	5			1 (1)		5,987		
An Dr Paul Horan	6 (7)		3	3 (3)					
Mr Ray McAdam	1 (2)		1 (1)			1 (1)	2,211		
An tUas. Ciaran McCaffrey	6 (7)	3 (3)	2	1 (1)					
An tUas. Jack MacGowan	5 (5)			2 (3)			4,120		
Iníon Mellany McLoone	5 (7)		1 (1)		3 (3)				
An tUas. Luke McManus	6 (7)		2 (2)			3	5,987		
An tOllamh Terri Scott	5 (7)	2 (2)		2 (3)	3 (3)		5,987	1,744	
Iníon Deirdre Scully	7 (7)			3 (4)		3			
Mr Peter Smyth	1 (1)								
Iomlán							54,115	2,459	
() = Líon uasta na gcrúinnithe arbh fhéidir freastal orthu.									
Seachas sin, bhí an líon uasta indéanta.									

Ní bhfuair na comhaltaí seo a leanas den Gníomhaireacht táille faoin bprionsabal Prionsabal Aon Duine Amháin, Aon Tuarastal Amháin (OPOS), an Dr Paul Horan, an tUasal Ciaran McCaffrey, Iníon Mellany McLoone, an Dr Susan O'Shaughnessy agus Iníon Deirdre Scully.. Ní bhfuair an tUasal Gerrard Casey, mar Phríomhfheidhmeannach, táille.

Príomhathruithe Pearsanra

An 1 Márta 2024, ceapadh Peter O'Sullivan ina Phríomhoifigeach Airgeadais agus an 23 Meán Fómhair 2024 chuaigh Mary Ryan isteach sa Gníomhaireacht mar Stiúrthóir ar Tógáil Dhigiteach & Tograí Speisialta D'éirigh Trevor Purtill, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Pobail, as oifig an 10 Eanáir 2025, agus d'éirigh Conor Sreenan, Stiúrthóir Straitéise & Deartha as oifig an 21 Feabhra 2025.

Cothromaíocht Inscne i mballraíocht an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 6 (40%) ban agus 9 (60%) fear ar an mBord. Dá bhrí sin, chomhlíon an Bord sprioc an Rialtais go ndéanfaí ionadaíocht 40% ar a laghad ar gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit.

Cuirtear cothromaíocht inscne an Bhoird san áireamh nuair a bhíonn ceapacháin nua á mbreithniú ag an Roinn.

Nochtuithe a Éilíonn an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Gníomhaireacht freagrach as a chinntiú go bhfuil Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin tar éis cloí le ceanglais an Chóid. Éilítear na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:



Ráiteas Rialachais

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Nochtar miondealú ar shochair na bhfostaithe i nóta 7 de na ráitis airgeadais.

Costais agus Socraíochtaí Dí

Tabhaíodh costais dí le linn 2024. Bainistíonn an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát trí éileamh ghníomhacha ar Dhliteanas Poiblí thar ceann na Gníomhaireachta. Bainistíonn an Gníomhaireacht éileamh gníomhach casaoide fostaí amháin.

Ní raibh aon socraíochtaí dlíthiúla ann in 2023 ná in 2024.

	2024	2023
	€'000	€'000
Costais dí arna dtabhú go díreach agus arna soláthar ag an nGníomhaireacht	582	28
Socraíochtaí a d'íoc an Gníomhaireacht amach sa bhliain	0	0
Costais dí agus socraíochtaí iomlána	<u>582</u>	<u>28</u>

Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta an costas as comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta, agus ní áirítear leis an gcostas a bhaineann le gníomhaíochtaí seachfhoinsithe an ghnó mar is gnách.

	2024	2023*
	€'000	€'000
Comhairle dí	312	200 *
Comhairleoireacht deartha	3,043	2,690
Táillí gairmiúla	166	277 *
PR, brandáil agus dearadh gréasáin	55	0
Comhairle Sláinte & Sábháilteachta	6	26
Iomlán na gCostas Chomhairleachta	<u>3,582</u>	<u>3,193</u>
Conradh	762	468
Costais Tionscadail	38	82
Forchostais Reatha	487	477
Caipitlithe	<u>2,295</u>	<u>2,166</u>
Iomlán	<u>3,582</u>	<u>3,193</u>

**Athshonraítear táillí comhairliúcháin 2023 chun gur féidir comparáid a dhéanamh leis na sainmhínte a chuirtear i bhfeidhm maidir le speansais chomhairliúcháin 2024*

Ráiteas Rialachais

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar an caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar a leanas:

	2024 €	2023 €
Intíre		
Comhaltaí Bhord agus POF na Fostaithe	2,149 <u>1,255</u>	4,981 <u>1,459</u>
Idirnáisiúnta*		
Comhaltaí Bhord na Gníomhaireachta	0 0	0 1,012
Fostaithe Páirtithe leasmhara	<u>0</u>	<u>2,575</u>
Iomlán	<u>3,404</u>	<u>10,027</u>

*In 2023, b'éigean íocaíocht €61 a dhéanamh leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide chun na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le taisteal oifigiúil aer a chúiteamh. In 2024, ní raibh aon íocaíocht den sórt sin ag teastáil.

Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2024 €	2023 €
Fáilteachas na Foirne agus an Bhoird	5,414	4,781
Fáilteachas na bpáirtithe leasmhara	6,757	4,291
Fáilteachas na gcliant	<u>0</u>	<u>0</u>
Iomlán	<u>12,172</u>	<u>9,072</u>

Ráiteas ar Chomhlíonadh

Déanann an GFGG athbhreithniú bliantúil ar a leibhéal comhlíonta maidir leis an gcód cleachtais chun comhlachtaí stáit a rialú agus nuair is gá, cuireann sé socrúithe i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú. Chomhaontaigh sé líon beag maoluithe leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta freisin.



Ráiteas Rialachais

Comhaontaíodh maoluithe maidir le:

- (i) Rúnaí an Bhoird: Ar an mbonn go dtagann an tAcht GFGG in ionad an Chóid Chleachtais agus go dtarligeann an Príomhfheidhmeannach na feidhmeanna sin a dhéanann Rúnaí Cuideachta de ghnáth agus is iad Seirbhísí Corparáideacha agus Foireann Feidhmiúcháin eile a chomhlíonann iad. Thug an Cathaoirleach, an Bord agus an Príomhfheidhmeannach faoi na feidhmeanna reachtúla go léir, de réir an Achta GFGG 2005,
- (ii) Tuarascáil Bhliantúil: Spriocdháta chun an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a fhoilsiú. Tá síneadh ama curtha leis an spriocdháta comhaontaithe go dtí sé mhí ó dheireadh na bliana nó mí amháin i ndiaidh don ARC&C na Ráitis Airgeadais a shíniú, cibé acu is déanaí.


Thar ceann chomhaltaí na Gníomhaireachta:



An tUas. Paul O'Toole

Cathaoirleach

Dáta: 24.09.2025



An tUas. Gerrard Casey

POF agus Comhalta Boird

Dáta: 24.09.2025

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, admhaímid freagracht na Gníomhaireachta as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil agus a fheidhmiú. Áirítear leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

An Cuspóir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an Córas Rialaithe Inmheánaigh deartha chun rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leo. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhonn tráthúil.

Bhí an Córas Rialaithe Inmheánaigh, atá ag teacht le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Gníomhaireacht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ("CIR") ag an nGníomhaireacht ar a bhfuil ceithre Chomhaltaí de Gníomhaireacht a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu. Tháinig an CIR le chéile cúig huaire in 2024.

Fostaíonn an Gníomhaireacht Iniúcháir Inmheánach neamhspleách a oibríonn de réir théarmaí tagartha an CIR agus a thuairiscíonn don CIR. Déanann an CIR an Plean Iniúcháireachta Inmheánaí a fhormheas agus a athbhreithniú go bliantúil trí chur chuige rioscabhunaithe a úsáid.

Tá inghlacthacht riosca na heagraíochta socraithe ag an nGníomhaireacht agus tá sé sin leagtha amach i Ráiteas um Inghlacthacht Riosca atá cuimsithe ina Beartas Bainistíochta Riosca. Tá Beartas Bainistíochta Riosca forbartha ag an CIR ina leagtar amach na Próisis Bainistíochta Riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh dá threoirlínte, an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Is féidir linn a dheimhniú go n-úsáideann an Gníomhaireacht córas rialaithe cuimsitheach lena n-áirítear:

- **Sainaithint agus Tuairisciú Riosca Leanúnach:** Tá an córas deartha chun príomhrioscaí a shainaithint agus a thuairisciú, mar aon leis na gníomhaíochtaí bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus chun



Ráiteas ar Rialú Inmheánach

iad a mhaolú. Áirithítear leis an gcur chuige réamhghníomhach sin go dtabharfar aghaidh go pras ar shaincheistean a d'fhéadfadh a bheith ann.

- **Maoirseacht agus Athbhreithniú Tiomanta:** Is mír sheasta í an bhainistíocht riosca ar an gclár oibre don Bhord, don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) agus don Gníomhaireacht i gcoitinne. Leagtar béim leis an bhfócas rialta sin ar a thábhachtaí atá an riosca ar na leibhéil is airde.
- **An Clár Cuimsitheach Riosca:** Coinnítear Cláir Riosca chun na príomhrioscaí uile atá os comhair na Gníomhaireachta a dhoiciméadú. Sainithnítear na rioscaí sin, déantar meastóireacht ar rialuithe, agus bearta is gá chun an riosca a laghdú a thuilleadh. Cuirtear riosca iarmharach i gcomparáid leis an inghlacthachta riosca.
- **Athbhreithnithe Riosca Rialta:** Déanann an Gníomhaireacht athbhreithniú ar na rioscaí uile a sainithníodh ar an gClár go leathbhliantúil, mar aon lena bpleananna maolaithe. Ina theannta sin, déantar grinnscrúdú níos dlúithe fós ar rioscaí ardchéime, ar rioscaí nua, agus ar rioscaí athraitheacha, agus déanann an Gníomhaireacht athbhreithniú foirmiúil orthu dhá uair sa bhliain ar a laghad.
- **Leithdháileadh Acmhainní bunaithe ar Mheasúnú Riosca:** Tá torthaí na measúnuithe riosca sin mar bhonn díreach le planáil agus leithdháileadh acmhainní, lena n-áirithítear go ndéantar iarrachtaí a dhíriú ar na háiteanna is éifeachtaí inar féidir leo rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha. Déantar athbhreithniú freisin ar Rioscaí iarmharacha atá níos mó ná an inghlacthachta riosca.
- **Maolú agus Cuntasacht Mionsonraithe:** Leagtar amach go soiléir sa Chlár Rioscaí na rialuithe agus na bearta a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith. Áirithítear leis sin cuntasacht agus úinéireacht shoiléir ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Lasmuigh den chóras foirmiúil bainistíochta riosca, is féidir linn a dheimhniú go bhfuil córais láidre faireacháin leanúnacha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, ina bhfuil an méid seo a leanas:

- **Nósanna Imeachta Doiciméadaithe:** Tá nósanna imeachta doiciméadaithe ag gach príomhphróiseas gnó, lena soláthraítear treoirlinnte soiléire agus lena laghdaítear éiginnteachtaí oibríochtúla.
- **Freagrachtaí Airgeadais Sannta:** Sanntar freagrachtaí airgeadais go soiléir ar an leibhéal bainistíochta le tuairisciú agus cuntasacht chomhfhreagrach, rud a chuireann stuamacht fhioscach agus maoirseacht fhioscach chun cinn.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

- **Córas Buiséadaithe:** Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, ina bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an bhainistíocht shinsearach agus an Gníomhaireacht athbhreithniú leanúnach air. Áirithítear leis sin smacht airgeadais agus ailíniú le cuspóirí straitéiseacha.
- **Slándáil Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC):** Tá na córais dírithe go sonrach ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú, ar shonraí ríthábhachtacha agus ar leanúnachas oibríochtúil a chosaint.
- **Cosaint Sócmhainní:** Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint, agus chun acmhainní fisiciúla agus doláimhsithe a chosaint ar chaillteanas nó ar dhamáiste.

Soláthar

Deimhnímid go bhfuil beartais agus nósanna imeachta soláthair oiriúnacha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun dea-chleachtas agus comhlíonadh substainteach maidir le treoirlínte soláthair, le rialacháin soláthair agus maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí ábhartha a chinntiú.

Deimhnímid freisin gur chomhlíon an Gníomhaireacht na nósanna imeachta sin go substaintiúil in 2024, cé is moite de chás amháin, a luaitear thíos, le haghaidh soláthairtí os cionn €25,000.

Rinneadh ceapachán chun seirbhísí Comhairleacha Díospóide a sholáthar ar luach suas le €40,000 an 25 Samhain 2024 gan dul trí phróiseas soláthair iomlán. Bhí tacaíocht ghairmiúil riachtanach agus neamhspleách ag teastáil ón nGníomhaireacht a bhain le próiseas idir-réitigh scoite de chineál an-chasta, teicniúil agus rúnaicmithe agus tá comhairleoir ceaptha aici a bhfuil saineolas agus taithí ar leith aige sa réimse sin. Ina theannta sin, tá eolas discrédieach tábhachtach ag an gcomhairleoir ar an tionscadal. Ar an iomlán, agus breithniú á dhéanamh ar phróifíilí riosca de réir mar is iomchuí, measadh go soláthraíonn an cur chuige seo an luach foriomlán is fearr ar airgead.

Comhlíonadh na gCoimisinéirí Ioncaim

Le linn 2024, bhí Idirghabháil Comhlíontachta Ioncaim Leibhéal 1 ag an nGníomhaireacht maidir le cúrsaí CCI lena gcumhdaítear na tréimhsí 2021, 2023 agus 2024. Thángthas ar roinnt saincheisteanna maidir le huainiú na dtuairisceán CCI, rud a d'fhág go raibh fócaíocht phionósach €5,500 ann ar ghlac na Coimisinéirí Ioncaim léi i ndeireadh an iniúchta comhlíontachta.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a Nósanna Imeachta um Bhainistíocht agus Rialú Riosca. Tá obair na Gníomhaireachta Inmheánaí bunaithe ar fhaireachán agus athbhreithniú na Gníomhaireachta ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.




Ráiteas ar Rialú Inmheánach

agus Iniúcháirí Seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Gníomhaireacht atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil

Deimhnímid go ndearna Comhaltaí na Gníomhaireachta, i gcomhar leis na hIniúcháirí Inmheánacha, athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha le haghaidh 2024. Foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil um Dhearbhu i mí Feabhra 2025 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca í ag cruinniú an 19 Feabhra 2025. Ag cruinniú an Bhoird an 26 Feabhra 2025, dhearbhaigh an Bord leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach


Níor sainaithníodh aon laigí ábhartha sa Rialú Inmheánach i ndáil le 2024. Thar ceann chomhaltaí na Gníomhaireachta:



An tUas. Paul O'Toole

Cathaoirleach

Dáta: 24.09.2025



An tUas. Gerrard Casey

POF agus Comhalta Boird

Dáta: 24.09.2025



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 33 den Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005. Is éard atá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar loncam agus caiteachas agus brabús coinnithe
- Ráiteas ar loncam Cuimsitheach
- Ráiteas ar Staid Airgeadais
- Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin an 31 Nollaig 2024 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas le haghaidh 2024 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an nGníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis sin, agus maidir le hábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Mark Brady
Thar ceann an Ard-Reachtair
Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2025



Foscúibhinn a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí na Gníomhaireachta

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais, tá comhaltaí na gníomhaireachta freagrach as

- Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 33 den Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbhearta a áiríthiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu is iomchuí nó nach iomchuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantair a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad is gá chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábharthach a chumasú, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 33 den Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, 2005 ráitis airgeadais na Gníomhaireachta a iniúchadh agus tuarascáil a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil i dtaobh an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábharthach mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreodís tionchar ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaím sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábharthach ar na ráitis airgeadais a shainathint agus a mheasúnú, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid; nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i gcrích a bheidh freagrúil do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábharthach a eascraíonn as calaois níos airde ná an riosca a bhaineann le míráiteas ábharthach a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun tuairim a thabhairt maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtaíthe gaolmhara.

- Tagaim ar chonclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantair agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábharthach ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtaí sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas le dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí amach anseo a bheith ina gcúis le scor den Gníomhaireacht mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus ar cé acu a léirítear nó nach léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais fholuiteacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu maidir le, i measc nithe eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe na hiniúchóireachta agus torthaí suntasacha iniúchóireachta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainathnínm le linn m'iniúchta.

Tuairisceoidh mé trí eisceacht más rud é, i mo thuairimse,

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- níl na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim conclúid dearbhaithe de chineál ar bith in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, agus é sin á dhéanamh agam, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an ndearaíonn sé go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar shlí eile. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtuigim go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairisceoidh mé má shainathnínm ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.


Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbhearta airgeadais le linn iniúchta. Tugaim tuairisc má shainathnínm cás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó i gcás nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Brabús Coinnithe 2023/2024

		Bliain dar Nótaí críoch 31 Nollaig 2024	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2023
		€'000	€'000
IONCAM			
Ioncam	2	6,840	14,573
Maoiniú iomlán atá curtha siar do shochair scoir	8 (c)	652	440
Ioncam Eile	3	<u>974</u>	<u>1,361</u>
		8,466	16,374
Aistriú talún agus foirgneamh ón nGníomhaireacht	13	(19,718)	12
Aistriú ón / (chuig an) gcuntas caipitil	4	<u>19,563</u>	<u>(8,706)</u>
		8,311	7,680
CAITEACHAS CONARTHA & COSTAIS TIONSCADAIL			
Costais chonarthacha	5	763	565
Costais tionscadail	6	107	577
Speansais chomhroinnte inghnóthaithe		48	185
Tionscadail / Coimisiúin Speisialta		<u>00</u>	<u>30</u>
		<u>918</u>	<u>1,357</u>
Ranníocaíocht Chomhlán		7,393	6,323
FORCHOSTAIS GHINEARÁLTA			
Costais foirne	7	3,207	2,541
Costais scoir	8 (d)	667	454
Luach saothair agus speansais na gcomhaltaí Boird	12	57	57
Costais Bhunaithe	9	139	120
Seirbhísí gairmiúla	10	1,227	806
Costais ghinearálta oibriúcháin	11	243	190
Cumarsáid agus caidreamh poiblí		86	100
Dímheas	13	1,181	1,171
Táillí iniúchóireachta		<u>28</u>	<u>28</u>
		<u>6,835</u>	<u>5,467</u>
BARRACHAS DON BHLIAIN		558	856
Iarmhéid curtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		<u>2,373</u>	<u>1,517</u>
IARMHÉID TUGTHA AR AGHAIDH AMHAIL AN 31 NOLLAIG		<u>2,931</u>	<u>2,373</u>


Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 24 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

THAR CEANN AN BHOIRD:



Mr Paul O'Toole
Cathaoirleach

Dáta: 24.09.2025



An tUas/Gerrard Casey
POF agus Comhalta Boird

Dáta: 24.09.2025



Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	Nótaí	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2024	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2023
		€'000	€'000
Barrachas don bhliain		558	<u>856</u>
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar dhliteanais na scéime Sochar Scoir scéime Sochar Scoir		(598)	(1,688)
Athrú ar na boinn tuisceana is bonn le luach reatha na ndliteanas Sochar Scoir		<u>0</u>	<u>0</u>
Gnóthachan/(caillteanas) iomlán achtúireach sa bhliain	8(f)	(598)	(1,688)
Coigeartú ar mhaoiniú na sochar scoir		<u>598</u>	<u>1,688</u>
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		<u>558</u>	<u>856</u>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 24 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.


THAR CEANN AN BHOIRD:



Mr Paul O'Toole

Cathaoirleach

Dáta: 24.09.2025



An tUas. Gerrard Casey

POF agus Comhalta Boird

Dáta: 24.09.2025

Ráiteas ar Staid Airgeadais

	Nótaí	31 Nollaig 2024 €'000	31 Nollaig 2023 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	13	<u>190,910</u>	<u>177,877</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Infháltais agus réamhíocaíochtaí	14	213	330
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		8,600	9,526
Coibhéisí Airgid Thirim		<u>32,346</u>	<u>65,878</u>
		41,159	75,734
DLITEANAIS REATHA			
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin		15 (11,840)	(13,225)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		<u>29,319</u>	<u>62,509</u>
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA		<u>220,229</u>	<u>240,386</u>
DLITEANAIS FHADTÉARMACHA			
Suimeanna atá dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin	16	(120,158)	(121,309)
Dlíteanaí sochar scoir	8(b)	(6,628)	(5,378)
Maoiniú sochar scoir atá curtha siar	8(b)	<u>6,628</u>	<u>5,378</u>
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS		<u>100,071</u>	<u>119,077</u>
A LÉIRIÓNN			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	17	2,931	2,373
Cuntas Caipitil	4	<u>97,140</u>	<u>116,704</u>
		<u>100,071</u>	<u>119,077</u>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 24 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

THAR CEANN AN BHOIRD:

Paul O'Toole

An tUas. Paul O'Toole
Cathaoirleach

Gerrard Casey

An tUas. Gerrard Casey
POF agus Comhalta Boird

Dáta: 24.09.2025

Dáta: 24.09.2025



Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

		Bliain dar críoch 31 Nollaig 2024 €'000	Bliain dar críoch 31 Nollaig 2023 €'000
Nótaí			
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí			
Barrachas oibriúcháin don bhliain		558	856
Dímheas	13	1,181	1,171
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainne		1	0
Ús infhaighte	3	(527)	(924)
Laghdú /(Méadú) ar infháltais	14	117	(143)
Méadú /(Laghdú) ar shuimeanna iníochta	15	(1,385)	2,568
Aistriú ón / (chuig an) gcuntas caipitil	4	(19,563)	8,706
Aistriú sócmhainní go OT Bhaile Átha Cliath	13	124	0
Aistriú Sócmhainní go DOES 1 ^ú leibhéal		19,594	0
Réamhíocaíochtaí ar ghníomhaíochtaí tógála	16	<u>(1,151)</u>	<u>(4,839)</u>
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		<u>(1,051)</u>	<u>7,395</u>
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta	13	(33,934)	(44,362)
Ús infhaighte	3	<u>527</u>	<u>924</u>
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí		<u>(33,407)</u>	<u>(43,438)</u>
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí			
Méadú/laghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid		(34,458)	(36,043)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Eanáir		<u>75,404</u>	<u>111,447</u>
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 31 Eanáir		<u>40,946</u>	<u>75,404</u>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 24 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is é ról na Gníomhaireachta forbairt láithreán Ghráinseach Ghormáin a chur chun cinn mar shuíomh oideachais, sláinte agus saoráidí eile. Aistríodh tailte ag láithreán Ghráinseach Ghormáin chuig an nGníomhaireacht ón FSS de réir alt 13 d'Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 an 24 Feabhra 2012.

Ón 21 Deireadh Fómhair 2020, rinneadh comhlacht faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta den Gníomhaireacht. Bhí an Gníomhaireacht faoin Roinn Oideachais agus Scileanna roimhe sin.

Sholáthair an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), an Roinn Oideachais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TU Dublin) maoiniú mar a leanas:

- OT Bhaile Átha Cliath
 - Soláthraítear maoiniú maidir le háiseanna oideachais a thógáil. Aithnítear an maoiniú mar Dhliteanas Fadtéarmach agus aithnítear na sócmhainní gaolmhara mar shócmhainní seasta inláimhsithe i ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus i gcoibhéisí airgid thirim (féach Nóta 13 agus Nóta 16).
 - Soláthraítear maoiniú maidir le costais áirithe tionscadail nuair nach gcruthaítear sócmhainn mar thoradh ar na costais sin. Gearrtar costais dá leithéid ar an Ioncam & Caiteachas. Scaoiltear méid comhfhreagrach ón Dliteanas Fadtéarmach chuig Ioncam & Caiteachas mar ioncam. Chomh maith leis sin, roinntear cuid de na costais idir an GFGG agus OT Bhaile Átha Cliath. Cuimsítear gnóthú na gcostas sin in ioncam eile.
- FSS – maoiníonn sé na costais a bhaineann le saoráidí cúraim sláinte a fhorbairt ar an láithreán, (féach Nóta 5).
- Sholáthair Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maoiniú caipitil agus reatha chun campas Ghráinseach Ghormáin a fhorbairt agus le haghaidh chostais oibriúcháin na Gníomhaireachta.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna – Soláthraíonn an Roinn Oideachais maoiniú don bhunscoil 'Ag Foghlaim Le Chéile' BÁC 7.

Cuirtear na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta:



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

i) BUNÚS NA CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú i gcomhréir le FRS102, éilítear go n-úsáidfear meastacháin chriticiúla chuntasaíochta áirithe. Ceanglaítear leis freisin ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú agus beartais chuntasaíochta na Gníomhaireachta á gcur i bhfeidhm. Nochtar i Nóta ix na réimsí lena mbaineann leibhéal breithiúnais nó castachta níos airde nó réimsí i gcás ina bhfuil na boinn tuisceana agus meastacháin suntasach i ndáil leis na ráitis airgeadais.

ii) AITHEANTAS IONCAIM

Faigheann an Ghníomhaireacht deontais reatha agus chaipitil araon ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a aithnítear mar seo a leanas:

- Tugtar cuntas ar dheontais a sholáthraítear chun caiteachas reatha a mhaoiniú ar bhonn fabhráithe.
- Aithnítear deontais a sholáthraítear chun forbairt chaipitil ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a mhaoiniú faoi ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. I gcás ina n-úsáidtear iad chun sócmhainní caipitil / sócmhainní atá á bhforbairt a mhaoiniú, aistrítear méid comhionann chuig an gcuntas caipitil, go dtí go n-aistreofar rialú an fhoirgnimh chríochnaithe chuig OT Bhaile Átha Cliath.

Déanann an Ghníomhaireacht obair thógála agus forbartha thar ceann a páirtithe leasmhara. I gcás ina bhfuil an teideal dlíthiúil ar fhoirgneamh le páirtí leasmhar agus go dtabhaíonn an Ghníomhaireacht na costais chonartha ghaolmhara, cuireann an Ghníomhaireacht na costais sin ar shonrasc chuig an bpáirtí leasmhar ábhartha. Aithnítear ioncam ar aon dul leis na méideanna a sonrasaíodh. Ar thionscadail tógála eile, aithnítear ioncam nuair a aistrítear rioscaí agus luach saothair suntasach na húinéireachta agus rialú éifeachtach ar an mbunfhoirgneamh chuig na páirtithe leasmhara.

iii) AITHEANTAS COSTAIS AGUS SÓCMHAINNE

Déanann an Ghníomhaireacht idirdhealú idir costais tionscadail agus costais chonartha.

Costais tionscadail

Áirítear leis sin costais réamhthosaithe agus iarthosaithe i gcás nach gcruthaítear sócmhainn a bhféadfaidh an Ghníomhaireacht leas eacnamaíoch a bhaint amach aisti anseo de bharr na gcostas. Gearrtar costais dá leithéid ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ina dtagann siad chun cinn (Nóta 6).

Cuimsítear i gcostais tionscadail costais bhunaithe do thionscadail Comhpháirtíochta Phríobháidí Phoiblí (CPP) i ndáil le forbairt áiseanna oideachais laistigh de láithreán Ghráinseach Ghormáin. Tá an comhaontú leis an oibreoir PPP chun an bonn a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil idir an DFHERIS

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

agus an CPP Co, i gcomaoin íocaíochtaí muirir aonadaigh thar thréimhse 25 bliana. Dá bhrí sin, toisc nach í an Gníomhaireacht an deontóir chun críocha FRS 102 (alt 34.12), ní aithneofar i ráitis airgeadais na Gníomhaireachta na sócmhainní agus na dliteanais ghaolmhara faoin gcomhaontú CPP.

Costais chonartha

Áirítear leis sin caiteachas arna thabhuí thar ceann tríú páirtithe (Nóta 5). Cuirtear na costais sin ar shonrasc chuig tríú páirtithe i gcomhréir le céim chríochnaithe an tionscadail. Aithnítear caiteachas agus ioncam ábhartha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ar bhonn méideanna a chuirtear ar shonrasc chuig an tríú páirtí. Áirítear caiteachas tabhaithe nár cuireadh ar shonrasc chuig an tríú páirtí mar obair atá ar siúl ag deireadh na bliana (Nóta 14).

Sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil

Déantar costais a bhaineann le sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil a chaipitliú i gcás, dar leis an nGníomhaireacht, gur dócha go ndéanfar an tionscadal gaolmhar a fhorbairt go rathúil agus go mbeidh na sochair eacnamaíocha a eascróidh as oibríochtaí amach anseo comhionann ar a laghad le méid an chaiteachais chaipitlithe a tabhaíodh go dtí seo.

Baineann costais chaipitlithe ar shócmhainní atá á bhforbairt le costais a tabhaíodh chun an tsócmhainn a thabhairt chuig an gcéim ina bhfuil sí réidh le tosú ar an tógáil. Áirítear leis na costais a bhaineann leis an gcéim sin a chríochnú ná costais ar iarratais phleanála, oibreacha cumasúcháin agus staidéir chomhairliúcháin. Baineann costais tógála le costais a tabhaíodh chun an tsócmhainn a thabhairt a thógáil go hiomlán (Nóta 13).

Déanann an Gníomhaireacht sócmhainní a dhí-aithint nuair a cheapann sí go bhfuil rialú éifeachtach ar an tsócmhainn ábhartha curtha ar aghaidh chuig eintiteas eile. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé sin tarlú roimh aistriú foirmiúil an teidil chuig an eintiteas eile ach nuair a d'fhéadfadh sé gur aistríodh rioscaí agus luach saothair na húinéireachta chuig an eintiteas sin agus/nó go ndearna GFGG comhaontú chun an úinéireacht a aistriú ag dáta amach anseo agus nach bhfuil smacht aige ar an tsócmhainn ábhartha a thuilleadh mar thoradh air sin.

iv) OBAIR AR SIÚL

Is éard is obair atá ar siúl ná an ghné de na costais chonartha nár sonrasaíodh agus a shonraítear ag a gcostas go dtí céim chríochnaithe an chonartha. Déantar soláthar maidir le gach caillteanas aitheanta nó ionchasach ar chonarthaí (Nóta 14).

v) SOCHAIR SCOIR

Feidhmíonn an Gníomhaireacht scéim scoir le sochar sainithe, a mhaoínítear gach bliain ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na foirne.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

tuarastail Feidhmíonn an Gníomhaireacht Scéim Pinsin Seirbhíse Phoiblí Aonair freisin, ("Scéim Aonair"), ar scéim le sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí na mball go léir leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe.

Léiríonn costais sochair scoir na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin a chuirtear ar ais chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an PFN agus Athchóirithe. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don mhúirear scoir mar ioncam, a mhéid atá sé inghnóthaithe, agus cúitítear é le deontais a fháigítear sa bhliain chun íocaíochtaí sochair scoir a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dlíteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Léiríonn dlíteanais sochair scoir luach reatha na n-íocaíochtaí sochair scoir amach anseo atá tuillte ag na baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú na sochar scoir iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú amach anseo ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

vi) SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Sonraítear talamh ruilse, foirgnimh, sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil, daingneáin agus trealamh oifige ag costas, glan ó dhímheas carntha agus ó chaillteanais bhearnúcháin. Áirítear leis na costais caiteachas atá inchurtha go díreach i leith an cheannaigh agus na tógála a bhaineann le sócmhainní a chur i riocht oibre dá n-úsáid bheartaithe.

Ní dhéantar talamh ruilse, sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil a dhímheas. Cuirtear tús le dhímheas sócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil nuair a bheidh an tsócmhainn críochnaithe a bheag nó a mhór agus réidh dá húsáid bheartaithe. Déantar soláthar iomlán d'aon bhearnú ar luach na sócmhainne. Ní dhímheastar talamh.

Ríomhtar dhímheas chun costas, lúide luach iarmharach measta, na sócmhainní eile go léir a dhíscríobh mar a leanas:

Ríocht phoiblí, bonneagar agus foirgnimh an láithreáin	2% Daingneáin
Líne Dhíreach agus trealamh oifige	25% Líne
Dhíreach	

Déantar Sócmhainní Seasta a dhiúscairt nuair a aistrítear rioscaí agus luach saothair suntasach na húinéireachta agus rialú éifeachtach ar na bunsócmhainní.

vii) CUNTAS CAIPITIL

Léiríonn an Cuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta inláimhsithe a mhaoiniú.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

viii) RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ TÓGÁLA

Faigheann an Gníomhaireacht maoiniú ó OT Bhaile Átha Cliath chun críocha áiseanna oideachais a thógáil agus a fhorbairt i nGráinseach Ghormáin. Soláthraíonn OT Bhaile Átha Cliath maoiniú sula ndéanann an Gníomhaireacht na híocaíochtaí gaolmhara. Aithníonn an Gníomhaireacht creidiúnaí fadtéarmach i gcomhréir leis an maoiniú ó OT Bhaile Átha Cliath a fuarthas a mhúchfar nuair a aistrefar na sócmhainní críochnaithe chuig OT Bhaile Átha Cliath.

I gcás ina n-úsáidtear an maoiniú chun costais a tabhaíodh agus na sócmhainní á dtógáil a ghlanadh, déantar na costais sin a thaifeadadh mar shócmhainní seasta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Nuair a ghearrtar dímhéas ar na sócmhainní sin, cuirtear méid maoinithe meaitseála chun sochair an Ráitis loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe trí laghdú ar mhéid an chreidiúnaí fadtéarmaigh.

I gcás ina n-úsáidtear an maoiniú chun costais tionscadail a scaoileadh, gearrtar na costais sin ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe agus cuirtear an maoiniú meaitseála chun sochair an Ráitis loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe, rud a laghdaíonn an chreidiúnaí fadtéarmach.

ix) BREITHIÚNAIS CHUNTASAÍOCHTA CHRITICIÚLA AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ MEASTACHÁIN

Le hullmhú na ráiteas airgeadais i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i gcion ar mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndlíteanas agus ar nochtadh sócmhainní agus dlíteanas teagmhasach ar dháta na ráiteas airgeadais agus na méideanna tuairiscithe ioncaim agus speansas le linn na tréimhse tuairiscithe. Maidir leis sin, creideann na Comhaltaí Boird go bhfuil achoimre tugtha thíos ar na beartais chuntasaíochta ríthábhachtacha ina gcuirtear breithiúnais nó meastacháin i bhfeidhm go riachtanach.

Dímhéas agus luachanna iarmharacha

Rinne na Comhaltaí Boird athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir agus, go háirithe, ar shaolré fhiúntach eacnamaíoch agus ar luachanna iarmharacha na talún agus na bhfoirgneamh agus na ndaingneán agus na bhfeisteas agus chinn siad go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na boinn tuisceana is bun leis na luachálacha achtúireacha a gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmháireachta agus rátaí treochta na gcostas cúraim sláinte) ar bhonn bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna sochair scoir agus iar-scoir.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

D'fhéadfadh an méid seo a leanas dul i gcion ar na boinn tuisceana:

- (i) an ráta lascaire, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo
- (iii) rátaí treochta na gcostas cúraim sláinte, ráta boilscithe i ndáil le costais leighis sna réigiúin ábhartha.

2. Ioncam

Chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH) agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (DTCAGSM) na cistí seo a leanas ar fáil don Gníomhaireacht i rith na bliana:

	2024	2023
	€'000	€'000
DFHERIS – Reatha (Fothideal B. 14)	4,953	4,126
DFHERIS – Reatha (Fothideal B. 15)	120	0
DFHERIS – Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil	0	149
DFHERIS – Caipiteal (Fothideal B.16)	0	6,550
DOES – Caipiteal (Bunleibhéal)	780	3,197
FSS – Costais chonartha	765	521
DHLGH – Ciste na Struchtúr Stairiúil	0	24
DTCAGSM - Clár Caipitil Spóirt	222	6
	<u>6,840</u>	<u>14,573</u>

In 2024, fuair an GDA maoiniú €120k ón Roinn Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta faoin Tionscadal Togáil Dhigiteach Ireland i leith na tacaíochta oibríochtúla a chuir an Gníomhaireacht ar fáil.

D'aithin an Gníomhaireacht ioncam €780k ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Bunleibhéal) chun Scoil Ag Foghlaim le Chéile BÁC7 agus bonneagar láithreáin agus réimse poiblí gaolmhar a fhorbairt (2023: €3,197k).

D'aithin an Gníomhaireacht ioncam €765k in 2024 chun costais chonartha ar thionscadail FSS a íoc (2023: €521) don Chomharsanacht Cúraim Chónaithe den chuid is mó

Bronnadh deontas ar an nGníomhaireacht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (ar a dtugtaí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt roimhe seo) faoin gCiste um Bonneagar Spóirt ar Mhórscála ar €1,451,310 le maoiniú meaitseála €1,313,090 ó T U Dublin. Le linn 2024, fuarthas €222,494, arb ionann é freisin agus an luach a fuarthas go dtí seo.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Bronnadh deontas ar an nGníomhaireacht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar a bhí aithne uirthi) faoin gClár Caipitil Spóirt sa bhliain 2017, arbh fhiú €111,500 ina iomláine le trí thionscadal spóirt a mhaoiniú. Sa bhliain 2023, tugadh faoi thionscadal amháin - suiteáil scórchlár leictreach. Maoiníodh 95% den chostas €5,847 leis an deontas, a fuarthas i mí Feabhra 2023.

Sa bhliain 2023, bronnadh deontas ar an nGníomhaireacht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH) faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil ar luach €24,000 maidir leis foirgneamh an túir cloig. In 2024, ní bhfuarthas aon chistiú.

3. Ioncam Eile

	2024	2023
	€'000	€'000
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	209	331
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – aistriú ealaíne	124	(12)
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – aisíocaíocht	0	0
Eile, lena n-áirítear aisghabháil ar chostais eile	114	118
Ús bainc	<u>527</u>	<u>924</u>
	<u>974</u>	<u>1361</u>

In 2024, thug an t-ealaíontóir Alexandra Carr rialú ar an saothar ealaíne Solaris-Nexum ar aghaidh chuig OT Baile Átha Cliath €124k. Is féidir an saothar ealaíne seo a fheiceáil sa Chearnóg Thiar. Baineann an (€12k) in 2023 le coigeartú i leith aistriú stairiúil foirgnimh chuig OT Baile Átha Cliath.

2024: Mar a thuairiscítear i nóta 16(a), méid €209k (2023: €331k) a scaoileadh chuig ioncam eile a chuimsíonn maoiniú €nil do chostais tionscadail (2023: €201k), agus méid a scaoileadh chun dímhéas €209k a mheaitseáil (2023:€130k).



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

4. Cuntas Caipitil

	2024 €'000	2023 €'000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	<u>116,703</u>	<u>107,998</u>
Aistriú ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ó Chúlchistí Ioncaim Coinnithe:		
Airgead dailte le talamh agus foirgnimh a fháil	222	6,550
Airgead dailte do shócmhainní atá á bhforbairt agus á dtógáil	780	3,197
Diúscairt sócmhainní seasta chuig an ^{1ú} leibhéal	(19,594)	0
Amúchta ar aon dul le dímhneas sócmhainní	(971)	(1,041)
Gluaiseacht iomlán sa bhliain	<u>(19,563)</u>	<u>8,706</u>
Iarmhéid ar 31 Nollaig	<u>97,140</u>	<u>116,704</u>

Seasann an t-iarmhéid cuntais capaitil méid ar leith ioncaim gan amúchadh, a fuarthas ón DFHERIS agus DOES, agus atá in úsáid le sócmhainní inláimhsithe seasta a cheannach. Maidir leis an gcaoi a maoinítear an Gníomhaireacht agus a n-aithnítear ioncam, d'fhéadfaí moill ama a bheith ann idir taifead a dhéanamh ar chostas seasta sócmhainní agus maoiniú a bhaineann leis a fháil.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

5. Costais Chonartha	2024 €'000	2023 €'000
Costais chonartha	<u>763</u>	<u>565</u>

Faoi 31 Nollaig 2023, tá costais chonartha tabhaithe ag an nGníomhaireacht agus atá curtha ar aghaidh i sonraisc chuig an FSS ag €35,577k san iomlán. Baineann na costais seo ar fad le conarthaí i gcomhpháirt leis an FSS maidir le forbairt áiseanna cúraim sláinte. Feictear thíos briseadh síos de na costais a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Connithe:

	Caiteachas Carnach Roimh 2023 €'000	2024 €'000	Ioml án Carnach Caiteachas €'000
Dlíthiúil agus gairmiúil	4,833	758	5,591
Oibríochtaí cumasaithe agus tógála	29,759	5	29,764
Feistiú agus tírdhreachú	804	0	804
Athchóiriú agus athlonnú	58	0	58
Bainistíocht agus Cothabháil Eastáit	43	0	43
Ilearaí	74	0	74
Margaíocht an tionscadail agus caidreamh poiblí	<u>6</u>	<u>0</u>	<u>6</u>
Costais chonartha aisíochta san iomlán ó FSS	<u>35,577</u>	<u>763</u>	<u>36,340</u>

Go dtí seo tá Ospidéal Meabhairshláinte an Fhionnuisce agus an tIonad Cúraim Phríomhúil críochnaithe agus in úsáid. Chríochnaigh an Chomharsanacht Cúraim Chónaithe an tréimhse réamh-dheartha in 2023, agus bronnadh cead pleanála orthu ar 25 Eanáir 2024.

6. Costais Tionscadail	2024 €'000	2023 €'000
Seirbhísí dlí	0	0
Comhairleoireacht deartha	0	0
Táillí gairmiúla	57	421
Oibríochtaí cumasaithe agus tógála	(28)	(7)
Bainistíocht agus Cothabháil Eastáit	8	163
Socrú Rochtana ar an gCampas	<u>70</u>	<u>0</u>
	<u>107</u>	<u>577</u>



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

7. Costais Foirne

	2024	2023
	€'000	€'000
Pá agus tuarastail	2,614	2,141
Foireann ar iasacht agus gníomhaireachta	252	110
ÁSPC an Fhostóra	280	229
Oiliúint agus earcú foirne	61	61
	<u>3,207</u>	<u>2,541</u>

Líon na bhfostaithe

D'fhostaigh an Gníomhaireacht go díreach 33 ball foirne ar meán (2023:28) i rith na bliana.

Fostaíodh 3.5 bhall foirne ar an meán (2023: 3) trí bheith ar iasacht nó trí sholáthraithe seirbhíse tríú páirtithe i rith na bliana.

Baineadh €65k (2023: €53k) ó na baill foirne mar ranníocaíocht bhreise aoisliúntais agus tugadh don DFHERIS í.

B'ionann speansais fáilteachais an Bhoird, na bainistíochta agus na foirne agus €12k (2023: €9k). B'ionann caiteachas taistil thar lear tabhaithe ag an POF agus ag an bhfoireann agus €0 (2023: €1k).

Briseadh síos de shochair fostaithe*

Réimse sochar iomlán fostaithe	Líon na bhfostaithe	
Ó	2024	2023
G		
o		
€20,000 - €29,999	0	1
€30,000 - €39,999	2	2
€40,000 - €49,999	0	1
€50,000 - €59,999	8	4
€60,000 - €69,999	1	1
€70,000 - €79,999	1	7
€80,000 - €89,999	10	10
€90,000 - €99,999	8	5
€100,000 - €109,999	4	0
€110,000 - €119,999	0	0
€120,000 - €129,999	0	1
€130,000 - €139,999	1	0
	<u>35</u>	<u>32</u>

*Baineann sé le baill foirne atá fostaithe go díreach ag an nGníomhaireacht amhail an 31 Nollaig 2024.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

8. Costais na Sochar Scoir

(a) Scéim na Sochar Scoir

Tá scéim sochar aoisliúntais sainithe i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht nach bhfuil aon mhaoiniú ag baint léi. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann faoin Scéim as ioncam reatha. Bíonn ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe iníochta a leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis an bpríomhscéim agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheacadadh PFN agus Athchóirithe maidir leis an scéim Aonair don earnáil phoiblí.

Socrú sochair scoir don tuarastal deiridh le sochar sainithe is ea an príomh-scéim (atá ann cheana) ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí trí thagairt do 'mhúnla' reatha rialachán na scéime don earnáil phoiblí. Soláthraítear faoin Scéim sochar scoir (ochtódú amháin in aghaidh gach bliana seirbhíse), síneadh láimhe nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh gach bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é an Ghnáthaois Scoir ná breithlá 65 bliain an chomhalta, agus tá comhaltaí roimh 65 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 2004 bliain d'aois.

60. Méadú san íocaíocht sochair scoir (agus iarchur) ar bhonn lánroghnach ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, tá iontrálaithe nua ina gcomhaltaí den Scéim Aonair Sochair Scoir don tSeirbhís Phoiblí. Soláthraítear leis seo sochair a bhaineann le meántuilleamh gairmréime athluacháilte ar aon dul le méaduithe sa Phraghasinnéacs Tomhaltóirí. Nascfar aois íosta scoir na Scéime le haois an Phinsin Stáit

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais maidir le baill foirne na Gníomhaireachta atá ag fónamh, ar scor nó iarchurtha ar an 31 Nollaig 2024.

Rinne achtúire cáilithe neamhspleách an luacháil seo chun críocha an chaighdeáin cuntasaíochta, FRS 102 – Sochair Scoir Is iad na boinn tuisceana a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh faoi FRS 102 ná:

	2024	2023
Ráta lascaine	3.30%	3.15%
Ráta méaduithe i dtuarastail	4.00%	3.75%
Ráta méaduithe i sochair scoir	3.50%	3.25%
Boilsciú	2.50%	2.25%



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

(b) Ráiteas ar Aithint na Staide Airgeadais

Is iad na méideanna a aithnítear sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ná:

	2024 €'000	2023 €'000
Luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe atá		
gan mhaoiniú ar bith	6,628	5,378
Luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe atá		
nó maoinithe ina bpáirt	<u>0</u>	<u>0</u>
Maoiniú sochar scoir atá curtha siar	<u>(6,628)</u>	<u>(5,378)</u>
Glandliteanas arna aithint sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais		
ar an 31 Nollaig	<u>0</u>	<u>0</u>

(c) Glanmhaoiniú curtha siar do shochair scoir na bliana

	2024 €'000	2023 €'000
Maoiniú gur féidir a fháil ar ais de réir		
chostais shochair scoir na bliana seo	667	454
Lúide: íocaíochtaí shochair scoir	<u>(15)</u>	<u>(14)</u>
	<u>652</u>	<u>440</u>

(d) Anailís ar chostais iomlána na sochar scoir a gearradh ar chaiteachas

	2024 €'000	2023 €'000
Costas reatha seirbhíse	514	352
Costas úis	153	102
Aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí fostaithe	<u>0</u>	<u>0</u>
Speansais a aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe	<u>667</u>	<u>454</u>

(e) Dliteannas maoinithe atá curtha siar do shochair scoir

Aithníonn an Gníomhaireacht méideanna dlite ón stát le haghaidh dliteanas neamh-mhaoinithe curtha siar do shochair scoir mar gheall ar roinnt teagmhas roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo an tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas a bhaineann le maoiniú a thabhairt do shochair scoir na seirbhíse poiblí lena n-áirítear an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon ráthaíocht ann maidir leis na méideanna sonracha sin

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

le DFHERIS, níl aon fhianaise ag an nGníomhaireacht nach leanfaidh an beartas cistiúcháin seo den mhéid sin a chomhlíonadh de réir a chéile i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. Ba é an dlíteanas maoinithe iarchurtha do shochair scoir ar an 31 Nollaig 2024 ná €6,628k (31 Nollaig 2023: €5,378k).

Socrú sochair scoir don tuarastal deiridh le sochar sainithe is ea an Scéim ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí trí thagairt do mhúnla reatha rialachán na scéime don earnáil phoiblí.

(f) Gluaiseacht san oibleagáid sochar sainithe

Is mar seo a leanas atá athruithe ar luach láithreach na hoibleagáide sochar sainithe:

	2024 €'000	2023 €'000
Luach láithreach na hoibleagáide sochar sainithe ar an 1	5,378	3,270
Costas reatha seirbhíse	514	352
Costas úis	153	102
Sochair íoctha sa bhliain	(15)	(14)
Caillteanas / (gnóthachan) achúireach	<u>598</u>	<u>1,668</u>
Luach láithreach na hoibleagáide sochar sainithe ar an 31 Nollaig	<u>6,628</u>	<u>5,378</u>

9. Costais Bhunaithe

	2024 €'000	2023 €'000
Deisithe agus cothabháil	0	2
Glantachán	13	12
Árachas	89	94
Cíos agus táillí seirbhíse	28	22
Solas agus teas	8	(10)
Caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainne Seasta	<u>1</u>	<u>0</u>
	<u>139</u>	<u>120</u>



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

10. Seirbhísí Gairmiúla

	2024 €'000	2023 €'000
Seirbhísí dlí	848	228
Comhairleoireacht cuntasafóichta / airgeadais	5	4
Comhairleoireacht (treoir réadmhaoine san áireamh)	318	366
Táillí iniúcháireachta inmheánaí	32	22
Táille comhairleoireachta pinsin	14	5
Táillí aistriúcháin	3	5
Táillí Proifisiúnta eile	<u>7</u>	<u>176</u>
	<u>1,227</u>	<u>806</u>

11. Costais Ghinearálta Oibriúcháin

	2024 €'000	2023 €'000
Priontáil, postas agus stáiseanóireacht	8	5
Fón	10	7
Táillí bainc	1	1
Costais an tsuímh ghréasáin agus TF	165	128
Costais oifige	18	20
Costais cruinnithe	15	8
Nuachtáin, dialanna agus ábhar tagartha	0	0
Síntiúis	18	17
Taisteal agus cothú	2	4
Cánacha agus Pionóis	6	0
Ús Iníoctha	<u>0</u>	<u>0</u>
	<u>243</u>	<u>190</u>

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

12.	Táillí Chomhaltaí an Bhoird agus Tuarastal POF	2024	2023
		€'000	€'000
	Íocaíocht an Chathaoirligh	9	9
	Táillí Chomhaltaí an Bhoird	45	42
	Costais Chomhaltaí an Bhoird	<u>3</u>	<u>6</u>
		<u>57</u>	<u>57</u>
	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	2024	2023
		€'000	€'000
	Buntuarastal	<u>131</u>	<u>123</u>
	Cothú taistil agus síntiúis ghairmiúla	<u>1</u>	<u>1</u>

Is ball é an POF de scéim neamh-mhaoinithe sainaitheanta sochair de chuid na hearnála poiblí agus ní thagann a chuid sochar scoir os cionn na teidlíochtaí ginearálta sa earnáil phoiblí atá sainaitheanta sa scéim aoisliúntais sochair.

Príomhphearsanra Bainistíochta

Is iad na príomhphearsanra bainistíochta i nGníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin na baill sin den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí a thuairiscíonn go díreach don Phríomhfheidhmeannach. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta.

	2024	2023
	€'000	€'000
Tuarastal	<u>488</u>	<u>385</u>

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin níos faide ná téarmaí na heiseamláire de scéim pinsin na seirbhíse poiblí



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

13. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Talamh, ríocht phoiblí, bonneagar an tsuímhatá á bhforbairt agus agus foirgnimh €'000	Sócmhainní atá á dtógáil €'000	Daingneáin agus oifige treallamh €'000	lomlán €'000
COSTAS				
Ar 1 Eanáir 2024	95,273	91,412	406	187,091
Suimiúcháin	3	33,879	52	33,934
Athaicmigh	357	(357)		0
Diúscartha	(952)	(18,766)	(5)	(19,724)
Ar 31 Nollaig 2024	<u>94,680</u>	<u>106,168</u>	<u>453</u>	<u>201,301</u>

	Talamh, ríocht phoiblí, bonneagar an tsuímhatá á bhforbairt agus agus foirgnimh €'000	Sócmhainní atá á dtógáil €'000	Daingneáin agus oifige treallamh €'000	lomlán €'000
DÍMHEAS				
Ar 1 Eanáir 2024	8,940	0	274	9,214
Táille don bhliain	1,097	0	84	1,181
Diúscartha	<u>0</u>	<u>0</u>	(4)	(4)
Ar 31 Nollaig 2024	<u>10,037</u>	<u>0</u>	<u>354</u>	<u>10,391</u>

GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR

Ar 31 Nollaig 2024	<u>84,643</u>	<u>106,168</u>	<u>99</u>	<u>190,910</u>
Ar 31 Nollaig 2023	<u>86,333</u>	<u>91,412</u>	<u>132</u>	<u>177,877</u>

In 2024, aistríodh smacht ar an talamh agus ar na foirgnimh ar a bhfuil an bhunscoil Ag Foghlaim le Chéile lonnaithe chuig DOES - talamh dar luach €952k agus foirgnimh dar luach €18,642k.

Thug an t-ealaíontóir Alexandra Carr an saothar ealaíne Solaris-Nexum ar aghaidh chuig OT Baile Átha Cliath ar luach €124k.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Nuair a bhí sé críochnaithe, rinneadh an Golden Bandstand €427k, an Ceardlann shealadach um Dhéanamh Priontála €1,703k, na háiseanna eatramhacha um Athrú Spóirt Allamuigh €1,893k agus an tIonad Fuinnimh eatramhach €3,959k a athaicmiú ó shócmhainní i bhforbairt agus i dtógáil go foirgnimh Aistríodh an tÁras Barr stairiúil athúsáide oiriúnaitheach (€7,625k) ó thalamh agus ó fhoirgnimh go sócmhainní i bhforbairt agus i dtógáil, de réir mar a rinneadh é a chomhtháthú le tógáil an Mhoil Acadúil. Dá bhrí sin, athaicmíodh glanluach sócmhainní €357k.

In 2023, ceannaíodh píosa talún de 0.1789 acra ar shráid na Prúise, lena n-éascaítear don Gníomhaireacht riachtanais leis an Scéim Pleanála SDZ a chomhlíonadh chun bealach rochtana ar ard-chaighdeán a sholáthar trí go Sráid na Prúise. I mí Lúnasa 2025, thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Cead Pleanála chun bóthar dola sealadach a fhorbairt le rochtain do choisithe leithscartha agus do rothair.

Is iad na sócmhainní i bhforbairt agus i dtógáil den chuid is mó an Mol Acadúil (€90.3) a chuimsíonn Athúsáid Oiriúnaitheach an Tí is Fearr (€7.6m), an Chearnóg Thiar (€7.3m), agus tionscadail níos lú (€1.0m).

D'aistrigh an Gníomhaireacht oifigí ó fhoirgneamh an Túir Chloig go Teach na Páirce (faoi úinéireacht OT Bhaile Átha Cliath) i mí Eanáir 2021. Síníodh Meabhrán Comhaontaithe idir Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin agus OT Bhaile Átha Cliath ar an 18 Nollaig 2020, le haghaidh tréimhse 10 mbliana don spás oifige atá 475 méadar cearnach san iomlán.

14. Infháltais agus réamhíocaíochtaí	2024	2023
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	€'000	€'000
Infháltais trádála	16	22
Méideanna atá dlite ó FSS	6	0
Méideanna dlite ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	0	2
Ioncam fabhráithe	27	190
Il-infháltais agus réamhíocaíochtaí	<u>164</u>	<u>116</u>
	<u>213</u>	<u>330</u>

Meastar go bhfuil gach méid infhálta in-aisghabhála laistigh de bhliain amháin.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

15. DLITEANAIS REATHA	2024	2023
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	€'000	€'000
Méideanna iníoctha trádála	328	365
Méideanna dlite go hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	0	0
Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla	83	60
Cáin bhreisluacha	244	898
RCT	0	0
Cáin Ioncaim	0	0
ÍMAT / ÁSPC	94	82
Fabhruithe	3,204	4,380
Ioncam iarchurtha	4,353	5,215
Coinneáil coinnithe ar oibríochtaí tógála	3,451	2,141
Il-iníochaigh	<u>83</u>	<u>84</u>
	<u>11,840</u>	<u>13,225</u>

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

16. DLITEANNAIS FHADTÉARMACHA	2024	2023
Suimeanna atá dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin	€'000	€'000
Réamhíocaíochtaí ar ghníomhaíochtaí tógála	<u>120,158</u>	<u>121,309</u>

Cuireann Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath maoiniú ar fáil don Gníomhaireacht trí réamh-íocaíochtaí maidir le saoráidí oideachais a thógáil agus a fhorbairt ag Gráinseach Ghormáin. Ar 31 Nollaig 2024, baineadh úsáid as €85,646k (2023: €53,381k) san iomlán chun costais arna dtabhú i dtógáil agus forbairt saoráidí oideachais, a áirítear laistigh de shócmhainní seasta, a scaoileadh. Nuair a aistreofar an tsócmhainn chríochnaithe chuig OT Bhaile Átha Cliath, cuirfear iarmhéid an chreidiúnaí ar ceal.

	2024	2023
	€'000	€'000
Iarmhéid ar 1 Eanáir	121,309	126,148
Réamhíochta sa bhliain	0	0
Costais diúscartha réadmhaoine	0	0
An méid a scaoileadh chuig ioncam eile i		
leith costais tionscadail sa bhliain (a)	0	(201)
Méideanna aistrithe go OT Bhaile Átha Cliath (b)	(818)	(4,520)
Aistriú sócmhainní go OT Bhaile Átha Cliath (c)	(124)	12
Dímheas (a)	<u>(209)</u>	<u>(130)</u>
Iarmhéid ar 31 Nollaig	<u>120,158</u>	<u>121,309</u>

	2024	2023
	€'000	€'000
Tá an t-iarmhéid seo déanta de		
Maoiniú OT Bhaile Átha Cliath soláthraithe nár		
úsáideadh ag deireadh na bliana,	34,512	67,928
Maoiniú carnacha úsáideadh chun sócmhainní a fhorbairt (d)	<u>85,646</u>	<u>53,381</u>

Iarmhéid Dliteannais Fadterma OT Bhaile Átha Cliath ar 31 Nollaig 120,158 121,309

(a) Is éard atá sa mhéid a scaoiltear chuig ioncam cistiú €0 le haghaidh costais tionscadail (2023: €201k), agus méid a scaoileadh chun dímheas €209k a mheaitseáil (2023: €130k). Tuairiscítear ioncam den chineál sin i Nóta 3.



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

- (b) Aistríodh €818k chuig OT Baile Átha Cliath le haghaidh tionscadal a bhí á mbainistiú go díreach ag OT Baile Átha Cliath ar champas Ghráinseach Ghormáin – trealamh closamhairc agus TFC €552k; troscán scaoilte don Teach Íochtarach €162k agus tionscadail níos lú €104k.
- (c) In 2024, thug an t-ealaíontóir Alexandra Carr rialú ar an saothar ealaíne Solaris-Nexum ar aghaidh chuig OT Baile Átha Cliath Is féidir an saothar ealaíne seo a fheiceáil sa Chearnóg Thiar ar luach €124k
- (d) Cuimsíonn Maoiniú Carnach a úsáidtear le haghaidh forbairt sócmhainní (€85,646) Mol Acadúil €68,858; An Quad Thiar €6,944k; Ionad Fuinnimh €3,637k; Áiseanna athraithe spóirt €1,891k; Priontáil Ceardlann €1,702k agus tionscadail níos lú €2,614k..

Áirítear an cistiú a cuireadh ar fáil nár úsáideadh ag deireadh na bliana in iarmhéid bairc na Gníomhaireachta. Mar a achoimrítear sa pholasáí cuntasafóchta, áirítear costais na sócmhainní arna dtógáil i sócmhainní inláimhsithe go dtí go n-aistrítear iad chuig OT Bhaile Átha Cliath (Nóta 13).

17. Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

	2024 €'000	2023 €'000
Ar 1 Eanáir	2,373	1,517
Barrachas don bhliain	<u>558</u>	<u>856</u>
Ar 31 Nollaig	<u>2,931</u>	<u>2,373</u>

Iarmhéid ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

Deontais stáit is ea cuid mhaith den ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, a chuirtear ar fáil chun dliteanais a thagann in aibíocht le linn na bliana a íoc murab ionann is caiteachas a tabhaíodh le linn na bliana. Déantar caiteachas a thaifeadadh ar bhonn fabhráithe. Mar thoradh air seo, ní léirítear san iarmhéid ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe gnáthbharrachas ná gnátheasnaimh oibriúcháin ach tá sé inchurtha, den chuid is mó, i leith na difríochta idir caiteachas ar bhonn fabhráithe agus maoiniú ar bhonn airgid thirim. Cuireann an t-ús infhaighte leis an mbarrachas seo freisin.

18. Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Ghlac an Gníomhaireacht le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le leasanna nochta ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta a raibh aon tábhacht ag baint leo sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird chun leas tairbhiúil Comhalta Boird.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

19. Ceangaltas Chaipitil

Is iad seo a leanas sonraí na gceangaltas caipitil ar an dáta cuntasáíochta:

	2024 €'000	2023 €'000
A ndearna conradh ina leith ach nach bhforáiltear sna ráitis airgeadais	<u>12,156</u>	<u>35,495</u>

Tharla an laghdú €23,339k ar ghealltanais chaipitil mar gheall ar an gcaiteachas tógála a tabhaíodh ar an Mol Acadúil (€22,645k), ar an gComharsanacht Cúraim Chónaithe (€838k) agus ar thionscadail éagsúla níos lú (€412k). Tugadh gealltanais bhreise maidir le scartáil Goirtin €556k.

20. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí

	Iarmhéid Tosaigh €'000	Sreabha airgid €'000	Iarmhéid Tosaigh €'000
Airgead sa bhanc agus Coibhéisí Airgid Thirim	<u>75,404</u>	<u>(34,458)</u>	<u>40,946</u>
Glanchistí	<u>75,404</u>	<u>(34,458)</u>	<u>40,946</u>

21. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Páirtí gaolmhar is ea OT Bhaile Átha Cliath de bharr comhchoiteannacht comhaltaí áirithe den bhord.

Is páirtí gaolmhar é FSS mar gheall ar roinnt fostaithe sinsearach de chuid FSS a bheith ina gcomhaltaí de Bhord na Gníomhaireachta.

Ní raibh aon idirbhearta páirtithe gaolmhara d'aon suntas sa bhliain seachas iad sin a nochtar i Nótaí 2, 3, 5 agus 12.

Is iad an POF agus comhaltaí an Bhoird príomhphearsanra bainistíochta na Gníomhaireachta. Ba é €188k an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus caiteachais na gcomhaltaí Boid, agus luach saothair an POF (2023: €180k).



Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

22. Dliteanas Teagmhasach

Tá an Gníomhaireacht i bpróiseas idir-réitigh le conraitheoir tógála ar cheann de na tionscadail. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le próiseas breithnithe nó eadrána, a thógfaidh roinnt ama. Creideann an Gníomhaireacht go bhfuil foráil déanta aici maidir leis na dliteanais uile is gá amhail an 31 Nollaig 2024

Tá costais dlí tabhaithe ag an nGníomhaireacht mar gheall ar chúrsaí leanúnacha fostaithe agus dliteanais phoiblí. Rinneadh forálacha i gcuntais 2024 i leith na gcostas dlíthiúil is dócha a bheidh ann amach anseo.

Creideann an Gníomhaireacht go bhfuil foráil déanta aici maidir leis na dliteanais uile is gá amhail an 31 Nollaig 2024

23. Teagmhais tar éis Dheireadh na Bliana Airgeadais


Níl aon teagmhais le heisiúint idir dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo a n-éilítear coigeartú ar na ráitis airgeadais ina leith.

24. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Ghlac an Bord leis na ráitis airgeadais ar 24.09.2025



Mr Paul O'Toole
Cathaoirleach



An tUas. Gerrard Casey
POF agus Comhalta Boird

Aguisíní

AGUISÍN 1*

Foireann na Gníomhaireachta

Ger Casey – Príomhfheidhmeannach

Peter O’Sullivan – Príomhoifigeach Airgeadais
Catherine Opdebeeck – Stiúrthóir Clár & Soláthair
Trevor Purtill – Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Pobail
Cathal Rigney – Stiúrthóir Tógála & Bonneagair
Conor Sreenan – Stiúrthóir Straitéise & Deartha
Mary Ryan – Stiúrthóir Tionscadail Speisialta

Catherine Hallinan – Ceannasaí Airgeadais
Padraic Ballantyne – Comhordaitheoir Tionscadail
Shay Bowman – Comhordaitheoir Tionscadail
Brian Cooling – Bainisteoir Costais Sinsearach / Suirbhéir Cainníocht
Ian Costello – Comhordaitheoir Tionscadail / Innealtóir M&E
Anne-Marie Deasy – Riarachán / Riarthóir Sharepoint
Jenny Donohoe – Cúntóir Cumarsáide agus Meán
Lori Keeve – Bainisteoir Cumarsáide
Gosia Kudryba – Comhordaitheoir Inbhuanaitheachta
Mirela Rallic – Riarthóir Tionscadail
Aideen Lowery – Comhordaitheoir Tionscadail
Des Marmion – Comhordaitheoir Tionscadail
Kathleen McCann – Bainisteoir Rannpháirtíochta Pobail
Paul McDermott – Comhordaitheoir Tionscadail
Peter McDonnell – Bainisteoir Faisnéise
Louisa Moss – Bainisteoir Acmhainní Daonna
Pat Moynihan – Comhordaitheoir Tionscadail
Derek Niven – Bainisteoir Costais Sinsearach / Suirbhéir Cainníocht
Louise O’Brien – Bainisteoir Doiciméid

Carmel Norman – Bainisteoir Soláthair
Adam O’Halloran – Oifigeach Cléireachais
Pat O’Sullivan – Comhordaitheoir Tionscadail
Edward Scanlon – Comhordaitheoir Tionscadail
Catherine Stapleton – Cuntasóir Cúnta
Nigel Thompson – Bainisteoir Tráctaála
Rachel Welsby – Comhordaitheoir Tionscadail
Colm Maguire – Pleanálaí
Katie Markham – Bainisteoir Cumarsáide
Orlaith Memaghl – Riarthóir Tionscadail
Mairead Slater – Bainisteoir Riaracháin

amhail deireadh 2024

AGUISÍN 2

Ionadaithe Poiblí

Grúpa Comhairleach

Cónaitheoirí Áitiúla

An Roinn Oideachais/An tÚdarás um Ard-Oideachas
Andrea Valova

Eugene Kelly
Seáneen Sullivan

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Folamh

An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Kevin Cox

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Colette Burns
Helena Fitzgerald

Foireann OT Bhaile Átha Cliath
Jim Roche
Liam Sharkey

Mic Léinn OT Bhaile Átha Cliath
Shauna Wallace
Jessica Gallagher

Ionadaithe Poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha
Cliath
Cllr Janet Horner
Cllr John Stephens

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
Alicja Downey
James Barry

Foireann an FSS
Resma KakKattuchallil

Ionadaithe Úsáideoirí Seirbhíse FSS
Alicja Downey
James Barry

AGUISÍN 3

An Coiste Idirchaidrimh Pobail

Tá Bainisteoir Cumarsáide na Gníomhaireachta ina chathaoirleach ar an gCoiste Idirchaidrimh Pobail agus tá na daoine seo a leanas sa Choiste:

Beirt bhaill phobail den Ghrúpa Comhpháirtíochta
Eugene Kelly
Seáneen Sullivan

Ball pobail amháin den Bhord

Luke McManus

Beirt chomhaltaí tofa de Chomhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath ar an nGrúpa Comhtháithíoch An
Comhairleoir

Cllr Janet Horner
Cllr John Stephens

Comhalta tofa amháin de Chomhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath ar an mBord

An Comhairleoir Ray McAdam

Ionadaí Poiblí

Lár-Oifig Limistéir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha
Cliath Brendan Doggett

Garda
Garda Amy Murtagh

FSS
Eamonn McCluskey

Brian Gormley OT Bhaile Átha Cliath

Easáitís OT Bhaile Átha Cliath
Paul Coleman

Scoil Fhoghlaim le Chéile BÁC7
Fionnuala McLugh
Peter Kinsella
Ronan Whelan

Aontas na Mac Léinn OT Bhaile Átha Cliath
Jason Aughney
Peter McCann
Shauna O'Toole

Comhordaitheoir Fostaíochta agus Oiliúna
Ghráinseach Ghormáin,

Kathleen McCann

Ghlacfaidh eagraíochtaí eile páirt sna
cruinnithe de réir mar is gá trí chuireadh ar
bhonn míosúil.

AGUISÍN 4

Grúpa Oibre Ealaíne Poiblí Ghráinseach Ghormáin

Ballraíocht an Ghrúpa Oibre 2024:

- Clíodhna Shaffrey, Cathaoirleach
- Christina Kennedy, Coimeádaí Sinsearach ag Áras Nua Ealaíne na hÉireann (IMMA)
- Derek Dockrell, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Jacquie Moore, Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)
- John Mitchell, Stiúrthóir, DMOD Architects
- Robert Ballagh, Ionadaí Pobail
- Ronan McCrea, OT Bhaile Átha Cliath
- Ruairí Ó'Cuív, Oifigeach Ealaíne Poiblí, CCBÁC
- Terry Prendergast, Pleanálaí

AGUISÍN 5

Sainghrúpa Oibre Startha Ghráinseach Ghormáin

Is tionscadal staire poiblí de na heagraíochtaí a leanas é Startha Ghráinseach Ghormáin

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC)
- Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GFGG)
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- Pobail Áitiúla
- Cartlann Náisiúnta na hÉireann (CNÉ)
- Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ)
- Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Bhaile Átha Cliath)

Baill den Ghrúpa Oibre Startha Ghráinseach Ghormáin:

- Philip Cohen (Cathaoirleach)
- Danny Connellan (FSS)
- Catrona Crowe (ARÉ)
- Brian Donnelly (CNÉ)
- Charles Duggan (CCBÁC)
- Ruth Hegarty (ARÉ)
- Stephanie Dickenson (Pobail áitiúla)
- Noel Fitzpatrick (OT Bhaile Átha Cliath)
- Brendan Kelly (Údar)
- Mary Muldowney (Staraí Cónaithe CCBÁC agus pobail áitiúla)
- Una Sugrue (GFGG)

*amhail deireadh 2024

